

MAIDIR LE HIARRATAS CHUIG

AN mBORD PLEANÁLA

AR CHEADÚ (I) CHUARBHÓTHAR N6 CHATHAIR NA
GAILLIMHE DE BHUN ALT 51 D'ACHT NA mBÓITHRE 1993
(ARNA LEASÚ); (II) SCÉIM MÓTARBHEALAI
GH CHUARBHÓTHAR N6 CHATHAIR NA GAILLIMHE 2018; agus
(III) SCÉIM BÓTHAIR CHOSANTA CHUARBHÓTHAR N6
CHATHAIR NA GAILLIMHE 2018

Tag. ABP ABP-302848-18 agus ABP-302885-18

ÉISTEACHT Ó BHÉAL

RÁITEAS Fianaise

Freagairtí ar an gComhthéacs Pleanála & Beartais

Agóidí/Aighneachtaí

le

John O' Malley – Kieran O' Malley & Co. Ltd.

cuidithe ag

Pauline Byrne - Brady Shipman Martin,

Valerie Loughnane - Pleanálaí Sinsearach le haghaidh Chontae na Gaillimhe,

Brendan Dunne - Pleanálaí le haghaidh Chontae na Gaillimhe

Caroline Phelan - Pleanálaí Sinsearach le haghaidh Chathair na Gaillimhe,

& Uinsinn Finn Innealtóir Iompair Sinsearach Chathair na Gaillimhe

18 Feabhra 2020

1 Cáilíochtaí agus Taithí

1.1 John O' Malley

- 1.1.1 Is Pleanálaí Baile Cairte mé le breis is 25 bliain taithí cleachtas phleanála phríobháidigh ag cur comhairle ar chliaint san earnáil phríobháideach agus phoiblí in Éirinn.
- 1.1.2 Tá bunchéim san Innealtóireacht Shibhialta agam ó Choláiste na Tríonóide, Ollscoil Bhaile Átha Cliath, agus céim Máistir sa Phleanáil Réigiúnach agus Uirbeach ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Tá mé i mo bhall d'Institiúid Pleanála na hÉireann agus d'Institiúid Ríoga na bPleanálaithe Bailte.
- 1.1.3 Is Stiúrthóir mé i ngnólacht Kieran O'Malley and Company Limited, Comhairleoirí Pleanála Baile, Naomh Heliers, Roschoill Naomh Heliers, an Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath. Áirítear ar mo thaithí chomhairleach comhairle a chur ar chliaint maidir le réimse leathan forbairtí rathúla cónaithe, tráchtála, tionsclaíocha agus fóillíochta. Baineann an chroí-obair le seirbhís agus comhairle ghairmiúil a sholáthar chun cabhrú le cliaint agus lena ngníomhairí iarratais agus achomhairc phleanála a ullmhú agus i ndáil le forfheidhmiú, staidéir indéantachta suímh, cúiteamh agus forbairt dhíolmhaithe.
- 1.1.4 Bhí mé i mo bhainisteoir agus ceann tionscadail freisin ar fhoireann ghairmiúil ildisciplíneach ar neart mórthionscadal bonneagair. Sa cháil sin, tá ionadaíocht déanta agam ar chliaint ag comhairliúcháin réamhiarratais agus ag éisteachtaí ó bhéal os comhair an Bhoird Pleanála. Ghníomhaigh mé ar son úinéirí talún ag fiosrúcháin phoiblí i ndáil le hoibreacha bonneagair ar nós bóithre, iarnród éadrom, iarnróid agus fónais phoiblí. Tá fianaise faoi mhionn tugtha agam os comhair an Eadránaí Maoine agus tá fianaise finné shaineolaigh tugtha agam sna Cúirteanna.

1.2 Pauline Byrne

- 1.2.1 Is pleanálaí réigiúnach agus uirbeach í Pauline le breis is 20 bliain taithí sa phleanáil in Éirinn agus thar lear. Tá céim Máistir sa Phleanáil Réigiúnach agus Uirbeach (MRUP) aici ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus B.Sc. (Mgmt) ó Choláiste na Tríonóide, Ollscoil Bhaile Átha Cliath.
- 1.2.2 Is páirtí í Pauline ag Brady Shipman Martin agus is í ceannaire na foirne pleanála sa chleachtas. Tá obair déanta aici ar straitéisí pleanála uirbí, beartas pleanála, mórthionscnaimh forbartha cathrach, tionscadail bhonneagair mhórsála, tionscnaimh iompair phoiblí, tionscnaimh forbartha tionsclaíche, agus ar chásanna eadránaithe ar son ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais, údaráis áitiúla, comhlachtaí Stáit agus cuideachtaí Stáit, lena n-áirítear an tÚdarás Náisiúnta Iompair, Oifig na nOibreacha Poiblí, BSL, Bord na Móna agus an earnáil phríobháideach. Bhí ionchur aici roimhe seo i measúnachtaí tionchair timpeallachta i ndáil le Comhthéacs Beartais Pleanála Straitéisí ar phleanáil líonra bus i mBaile Átha Cliath don Údarás Náisiúnta Iompair.

1.3 Valerie Loughnane

- 1.3.1 Is Pleanálaí Sinsearach í Valerie le Comhairle Chontae na Gaillimhe le fiche bliain de thaithí ghairmiúil sa phleanáil baile. Tá Céim Baitsiléara sna Dána (Onóracha) aici ó OÉ Gaillimh sa Mhatamaitic agus sa Tíreolaíocht, Céim Máistir sa Phleanáil Réigiúnach agus Uirbeach (MRUP) ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus Ard-Diplóma san Oideachas ó OÉ Gaillimh.
- 1.3.2 Is Pleanálaí Sinsearach í Valerie le Comhairle Chontae na Gaillimhe ó mhí Lúnasa 2015 agus í ag obair le Comhairle Chontae na Gaillimhe ó mhí Mheán Fómhair 1999. Is fairsing agus éagsúil an taithí atá aici lena n-airítear forbairt bheartas pleanála ag leibhéal Réigiúnach agus an Chontae, agus tá go leor taithí aici ag obair i bpost a bhain le Bainistíocht Forbartha leis an gComhairle.

1.4 Brendan Dunne

- 1.4.1 Is Pleanálaí Feidhmiúcháin é Brendan Dunne le tuairim is 15 bliana de thaithí ghairmiúil ar phleanáil baile i dTuaisceart na hÉireann, Comhairle Chontae na hIarmhí, Comhairle Contae Chill Mhantáin agus ina ról reatha le Comhairle Chontae na Gaillimhe. Tá Céim Baitsiléara sna Dána aige ó OÉ Gaillimh sa Tíreolaíocht agus sa tSocheolaíocht agus Polaitíocht, Máistreacht sa Phleanáil Baile agus Tuaithe ó Ollscoil na Banríona, Béal Feirste agus Diplóma Iarchéime san Innealtóireacht Timpeallachta ó Choláiste na Tríonóide, Ollscoil Bhaile Átha Cliath.
- 1.4.2 Is Pleanálaí Feidhmiúcháin é Brendan sa Rannóg um Beartas Pleanála Chun Cinn i gComhairle Chontae na Gaillimhe. D'oibrigh sé roimhe seo sa bhainistíocht forbartha sna húdarais áitiúla thuasluaite. D'oibrigh sé roimhe seo ar phleananna forbartha contae/ceantair áitiúil a ullmhú agus tá aighneachtaí ullmhaithe aige ar dhoiciméid beartais náisiúnta freisin.

1.5 Caroline Phelan

- 1.5.1 Is Pleanálaí Sinsearach í Caroline Phelan le breis is 20 bliain taithí ag obair sa phleanáil san earnáil phoiblí d'údarais áitiúla éagsúla i gcomhthéacsanna uirbeacha agus tuaithe araon. Tá Máistreacht sa Phleanáil Réigiúnach agus Uirbeach (MRUP) agus B.Soc. Eolaíocht aici ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus Diop. sa tSeandálaíocht ó OÉ Gaillimh.
- 1.5.2 Tá gach réimse pleanála san áireamh i dtaithí pleanála Caroline lena n-áirítear beartas straitéiseach, bainistíocht forbartha agus forfheidhmiú plean. Is le Comhairle Cathrach na Gaillimhe a chaith sí formhór a gairmréime agus bhí sí i gceannas ar ullmhúchán na dtrí Phlean Forbartha Cathrach dheireanacha mar chuid den taithí sin.

1.6 Uinsinn Finn

- 1.6.1 Is Innealtóir Sinsearach agus Ceann Iompair é Uinsinn ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe. Roimhe sin, d'oibrigh sé le Comhairlí Contae an Chláir, Uíbh Fhailí agus na Gaillimhe. D'oibrigh sé freisin roimhe sin le Balfour Beatty agus WSP sa Ríocht Aontaithe ar feadh ocht mbliana ar thionscadail éagsúla, lena n-áirítear Síneadh na Líne Jubilee ar Mheitreo Londan, Tionscadail Mhótarbhealaigh lena n-áirítear Nasc M1/A1 Leeds agus Tionscadail an Millennium Dome. Tá breis is 25 bliain de thaithí ghairmiúil ag Uinsinn san innealtóireacht shibhialta agus is Innealtóir Cairte é le MBA ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.
- 1.6.2 Le linn na 25 bliain de thaithí ghairmiúil atá ag Uinsinn, d'oibrigh sé le húdaráis áitiúla le 18 mbliana anuas, agus bhí breis is 16 bliana acu sin sa Stiúrthóireacht Iompair agus Bonneagair. Bhí baint aige le bainistíocht tionscadal ar scéimeanna éagsúla ó Chothabháil agus Feabhsúcháin Bóthair go Cosaint ar Thuile. Sa ról atá aige faoi láthair mar Cheann Iompair, tá sé i gceannas ar fhoireann chun cuspóirí beartais agus tionscadail iompair a fhorfheidhmiú faoi Straitéis Iompair na Gaillimhe, lena n-áirítear BusConnects na Gaillimhe: Nasc Traschathrach.

2 Ról san Fhorbairt Bóthair atá Beartaithe

- 2.1 Is é an ról atá ag John O'Malley i dTionscadal Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe ("GCRR") measúnacht a sholáthar ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe sa chomhthéacs pleanála náisiúnta, réigiúnaí agus áitiúla agus sa chomhthéacs beartais ábhartha.
- 2.2 Bhain ról Pauline Byrne le measúnacht ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe sa chomhthéacs pleanála agus beartais náisiúnta agus réigiúnaigh.
- 2.3 Bhain ról Valerie Loughnane le measúnacht ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe sa chomhthéacs pleanála agus beartais áitiúil de réir Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe.
- 2.4 Bhain ról Brendan Dunne le measúnacht ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe sa chomhthéacs pleanála agus beartais áitiúil de réir Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe.
- 2.5 Bhain ról Caroline Phelan le measúnacht ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe sa chomhthéacs pleanála agus beartais áitiúil de réir Phlean Forbartha Chathair na Gaillimhe.
- 2.6 Is é Uinsinn Finn an t-innealtóir iompair sinsearach agus tá sé freagrach as forfheidhmiú agus seachadadh rathúil Straitéis Iompair na Gaillimhe, a bhfuil an N6 GCRR atá beartaithe ina phríomhghné di.

3 Príomhcheisteanna maidir leis an gComhthéacs Pleanála & Beartais

Forbhreathnú

- 3.1 Leagtar amach sa ráiteas fianaise seo an príomh-chomhthéacs pleanála agus beartais ina ndéanfaidh an Bord an t-iarratas seo a mheas agus tugann sé aghaidh ar shaincheisteanna a bhaineann le beartas pleanála a tarraingíodh anuas sna haighneachtaí agus sna hagóidí a cuireadh faoi bhráid An Bhoird Phleanála.
- 3.2 Tá an réasúnaíocht leis an bhforbairt bóthair bheartaithe leagtha amach i gCaibidil 3 den TMTT. Tá an N6 GCRR atá beartaithe mar chuid de straitéis iompar 20 bliain do Chathair na Gaillimhe agus an ceantar máguaird. Tá dhá phríomhfheidhm ag an N6 GCRR. Folaíonn sé do riachtanas straitéiseach an ghréasáin bóithre náisiúnta agus nascacht Chathair na Gaillimhe agus Réigiúin an Iarthair leis an ngréasán bóithre náisiúnta. Tugann sé faoiseamh do bhóithre lár na cathrach ó thrácht straitéiseach agus soláthraíonn sé an spás bóithre atá riachtanach do mhodhanna eile iompair, eadhon siúl, rothaíocht agus iompar poiblí.
- 3.3 Léiríonn an anailís i gCaibidil 2 den TMTT go gcomhlíonann an N6 GCRR gach beartas ábhartha iompair agus pleanála straitéisí a leagtar amach sna doiciméid ábhartha beartais ag leibhéal an Aontas Eorpaigh, agus ag an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Chun cabhrú leis an mBord agus ar mhaithe le háisiúlacht na rannpháirtithe go léir ag an éisteacht seo agus chun na freagraí ar agóidí agus aighneachtaí a leanann seo a chur i gcomhthéacs, tugtar achoimre ar na príomhfhorálacha beartais pleanála agus treorach thíos.

Bonneagar - Gréasán tras-Eorpach Iompartha (TEN-T) - An Eoraip a Nascadh

- 3.4 Tá an N6 GCRR mar chuid de ghréasán cuimsitheach bóithre TEN-T de chuid an Aontais Eorpaigh agus feabhsóidh sé inrochtaineacht Réigiún an Iarthair agus Chathair na Gaillimhe.

Tionscadal Éireann 2040: Todhchaí na hÉireann á Tógáil

- 3.5 Tá an N6 GCRR ina phríomháisitheoir ar an bhfás amach anseo sa Chreat Náisiúnta Pleanála agus feabhsóidh sé an gréasán bóithre agus inrochtaineacht an réigiúin.
- 3.6 Tá infheistíocht chaipitil 10 mbliana de €116 billiún sa Phlean Forbartha Náisiúnta (PFN) chun mórthionscadail bhonneagair a chur i gcrích, an N6 GCRR, atá i gClár Náisiúnta na mBóithre 2018-2027, san áireamh, mar bhonn taca ag an gCreat Pleanála.

An Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch do Thionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair [arna dhéanamh ar an 24 Eanáir 2020]

- 3.7 Tacaíonn Cuspóirí Beartais Réigiúnacha 3.6.7 agus 6.6 den SRSE le soláthar an N6 GCRR freisin.

- 3.8 Tá an N6 GCRR ina chuid thábhachtach de Phlean Straitéiseach Mhórcheantar Uirbeach (PSCU) na Gaillimhe agus is “tosaíocht infheistíochta iompair” é ag Cuid 6.3 den SRSE.

Straitéis Iompair na Gaillimhe 2016-2035

- 3.9 Leagtar amach i Straitéis Iompair na Gaillimhe (SIG) na modhanna chun an fhís maidir le hiompar i nGaillimh de “réigiún cathrach nasctha á thiomáint ag soghluaisteacht níos cliste” a bhaint amach.
- 3.10 Tá an N6 GCRR ina chuid lárnach de SIG chun cur i bhfeidhm na straitéise iompair iomláine do Ghailimh a chinntiú, a bhfuil sé mar aidhm aici an spleáchas ar an gcarr príobháideach a laghdú agus aistriú suntasach modha go hiompar poiblí agus modhanna gníomhacha a bhaint amach.
- 3.11 Éascóidh an N6 GCRR gluaiseacht tráchta timpeall lár na cathrach, laghdóidh sé brú tráchta agus cuirfidh sé spás bóithre ar fáil do thosaíocht busanna, do ghréasán agus seirbhísí feabhsaithe iompair phoiblí, don rothaíocht agus don siúl.

Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2017-2023

- 3.12 Tugtar tús áite don N6 GCRR agus do na riachtanais talún a bhaineann leis mar chuid de Chuid 11.2 de Phlean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2017-2023. Díríonn an Príomhstraitéis, a dtugann SIG agus tionscadal Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe tacaíocht di agus déanann siad eolas di, ar an talamhúsáid a ailíniú le hinfeistíocht in iompar inbhuanaithe.
- 3.13 Is é is cúis le Beartas 3.2 *“forbairt Chathair na Gaillimhe agus an cheantair máguaird a éascú laistigh de chreat straitéiseach Straitéis Iompair na Gaillimhe (SIG) agus an chéimniú forfheidhmithe gaolmhar lena chinntiú go bhfuil an bonneagar iompair agus na seirbhísí is gá sa chathair chun tacú lena fás agus lena forbairt leanúnach.”*

- 3.14 Beartas 3.3 ná *“réiteach iompair inbhuanaithe don chathair a chur chun cinn trí bhearta atá áirithe in SIG agus tionscadail riachtanacha tacaíochta, go háirithe tionscadal an N6 GCRR, a chur i bhfeidhm”.*

Plean Ceantair Áitiúil na nArdán 2018-2024

- 3.15 Sprioc Straitéiseach 4 de Phlean Ceantair Áitiúil na hArdán 2018-2024 ná forbairt sráidbhaile uirbigh dea-nasctha, insiúlta, inrochtana ag na hArdáin a éascú. Tacaíonn beartas maidir le hidirnasacht a chur chun cinn idir gach modh chun na hArdáin a nascadh leis na príomh-mhoil gníomhaíochta i gcomhréir le SIG leis an sprioc sin. Is cuid lárnach de SIG é an N6 GCRR agus léirítear é ar léarscáil an PCÁ.

Plean Forbartha Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2015-2021

- 3.16 Díríonn Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021 ar Chathair na Gaillimhe mar Gheata don chontae. Tá SIG, ina bhfuil an N6 GCRR, rithábhachtach do phleanáil chúig agus forbairt inbhuanaithe an chontae ar fad agus do chur i bhfeidhm

na Príomhstraitéise, toisc go bhfeabhsaíonn an fhorbairt bóthair bheartaithe nascacht laistigh den chontae agus sa réigiún níos leithne.

- 3.17 Aithnítear an N6 GCRR i dTábla 5.1 den Ráiteas Scríofa de Phlean Forbartha an Chontae mar bhonneagar tosaíochta iompair 2015-2021 lena chur ar fáil sa phlean forbartha reatha.
- 3.18 Sonraítear i gCuid 5.3.4.5 de Phlean Forbartha an Chontae “go gcuirfidh an acmhainn bhreise a chuirfeadh cuarbhealach ar fáil leis na deiseanna maidir leis an spás bóithre atá ann cheana féin a ath-leithroinnt lena úsáid ag coisithe, busanna agus rothaithe. I dtaca leis sin, meastar go bhfuil an cuarbhealach a aithnítear mar thionscadal an N6 GCRR ... ríthábhachtach do Straitéis Iompair an chontae chun an acmhainn riachtanach a bhaint amach agus tacú le soláthar beart iompair inbhuanaithe.”

4 Freagairtí ar Aighneachtaí/Agóidí

4.1 Forbhreathnú

- 4.1.1 Áirítear le 45 aighneacht as an 296 aighneacht agus agóid a seoladh chuig an mBord Pleanála (ABP) maidir leis an Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (TMTT), Ráiteas Tionchair Natura (RTN), Scéim Mhótarbhealaigh (SM) agus Scéim Bóthair Chosanta Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe (GCRR) breithnithe a bhaineann leis an gcomhthéacs pleanála agus beartais. Bhain dhá cheann den 17 n-aighneacht a fuarthas maidir le Freagra an Iarratais ar Fhaisnéis Bhreise le pleanáil agus beartais. Is iad na príomhcheisteanna tráchta a tarraingíodh anuas:
- Comhlíonadh na Reachtaíochta Pleanála agus Forbartha agus na nÚdarás Dlíthiúil (4.2)
 - Beartais Náisiúnta agus Réigiúnacha (4.3)
 - Cuspóirí Phlean Forbartha Chathair agus Chontae na Gaillimhe (4.4)
 - Forbairt Inbhuanaithe (4.5)
- 4.1.2 D’ullmhaigh Caroline Phelan an freagra ar na saincheisteanna a tarraingíodh anuas sna haighneachtaí agus sna hagóidí ar na beartais agus na cuspóirí i bPlean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2017-2023 agus cuirfidh sí Cuid 4.4. i láthair ag an éisteacht.
- 4.1.3 I gcomhar lena chéile, d’ullmhaigh Valerie Loughnane agus Brendan Dunne an freagra maidir leis na forálacha coibhéseacha i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021 mar a leagtar amach iad sna haighneachtaí agus sna hagóidí agus cuirfidh siad Cuid 4.5 i láthair ag an éisteacht.

4.2 Comhlíonadh na Reachtaíochta Pleanála agus Forbartha agus na nÚdarás Dlíthiúil

Ceisteanna

4.2.1 Baineann 10 n-aighneacht/agóid le comhlíonadh na reachtaíochta pleanála agus forbartha agus na n-údarás dlíthiúil mar seo a leanas:

- Níl an fhorbairt bóthair bheartaithe i gcomhréir le nósanna imeachta reachtacha um pleanáil agus an comhshaol: Ob_145.1; Ob_145.2; Ob_145.3 Ob_511.06; Ob_528_541_543_557; Ob_534; Ob_695; S_049 agus S_058
- Tarraingíodh ceann amháin nó níos mó de na cásdlithe seo a leanas, Cás C-258/11; Cás C-164/17 agus Cás C-461/17 anuas: S_058, Ob_602_698_699_704 agus Ob_695
- Tugtar le fios go raibh an nós imeachta lochtach mar gheall gur cuireadh SIG i gcrích i ndiaidh roghnú na Conaire Bealaí Roghnaithe atá ag Teacht Chun Cinn don fhorbairt bóthair bheartaithe: Ob_534 agus S_049
- Tugadh saincheisteanna Comhshaoil agus Pleanála faoi deara ach níor sonraíodh iad: Ob_145.1; Ob_145.2; Ob_145.3, Ob_534, agus Ob_695

Freagraí

Nósanna imeachta reachtacha pleanála agus comhshaoil

4.2.2 Tugadh dearbhuithe i roinnt aighneachtaí/agóidí nach bhfuil an fhorbairt bóthair bheartaithe forbartha i gcomhréir le nósanna imeachta reachtacha pleanála agus comhshaoil. Líomhnaítear go sonrach *go ndíríonn an TMTT ar chomhthéacs an bheartais iompair ach go bhfuil sé easnamhach sa chaoi is nach leagtar amach ann na beartais chuimsitheacha náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a bhaineann le hoideachas agus OÉG, go háirithe (Ob_528_541_543_557).*

4.2.3 Mar a leagtar amach i gCaibidil 1, Réamhrá, tá an TMTT ullmhaithe i gcomhréir leis na forálacha ábhartha i dTreoir 2011/92/AE maidir le Measúnú ar Thionchar Tionscadal Áirithe Poiblí agus Príobháideach ar an gComhshaol, arna leasú le Treoir 2014/52/AE. Ina theannta sin, tá an fhaisnéis arna forordú leis na forálacha ábhartha in Acht na mBóithre, 1993, arna leasú; i Rialacháin na mBóithre, 1994, arna leasú; agus in Airteagal 5 agus Iarscríbhinn IV de Threoir 2011/92/AE, arna leasú, sa TMTT.

4.2.4 Lena chois sin, tá Ráiteas Tionchair Natura (RTN) ullmhaithe i gcomhréir le forálacha Cuid XAB den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) agus i gcomhréir le ceanglais na Treorach ón gComhairle 92/41/CEE an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú (an Treoir maidir le Gnáthóga). Cuireadh an Ráiteas Tionchair Natura faoi bhráid an Bhoird Pleanála le cur ar a chumas tabhairt faoi Mheasúnacht Chúí ar an bhforbairt bóthair bheartaithe i gcomhréir leis an Treoir maidir le Gnáthóga.

4.2.5 Cuireadh Scéim Bóthair Chosanta agus Scéim Mhótarbhealaigh faoi bhráid an Bhoird Pleanála lena gceadú freisin faoi Alt 49 d’Acht na mBóithre, 1993, arna leasú.

4.2.6 Dá réir sin, cloíodh leis na nósanna imeachta ábhartha reachtacha pleanála agus comhshaoil maidir leis an iarratas seo.

Cúrsaí dlí

4.2.7 Maítear in aighneacht/agóid S_058 nach féidir cead a dheonú don fhorbairt seo ag féachaint do chinntí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CJEU) i gCás C-258/11 *Sweetman v An Bord Pleanála*, Cás C-164/17 *Grace agus Sweetman v An Bord Pleanála* agus Cás C-461/17 *Holohan v An Bord Pleanála*. Táthar chun déileáil leis na saincheistean sin san aighneacht dlí atá le cur i láthair thar ceann Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

4.2.8 Déanann Ob_511.06 tagairt do Phlean Forbartha Contae-Bhuirg 1982 agus maítear, de réir Phlean 1982, nár forbraíodh an bóthar rochtana ag an bhFraoch ach chun rochtain ar áiteanna cónaithe aonair laistigh den Fhraoch a chur ar fáil agus gur sárú ar a “chead údaraithe” a bheadh in aon ghéarú ar a úsáid. Tá ceannach beartaithe an bhóthair rochtana ag an bhFraoch i gcomhréir le forálacha Acht na mBóithre, 1993 (arna leasú) agus tá sé riachtanach nó teagmhasach le tógáil nó le cothabháil an N6 GCRR, ar tionscadal é a aithnítear i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe agus i bPlean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe araon.

Uainiú Straitéis Iompair na Gaillimhe

4.2.9 Maítear go dtugann uainiú chríochnú SIG – i.e. i ndiaidh roghnú na Conaire Bealaí Roghnaithe atá ag Teacht Chun Cinn don fhorbairt bóthair bheartaithe – le fios go raibh an nós imeachta lochtach (Ob_534 agus S_049).

4.2.10 Mar fhreagra, déanann Straitéis Iompair na Gaillimhe (SIG) (2016) forbairt ar staidéir iompair a rinneadh do Réigiún na Gaillimhe roimhe sin. D’fhorbair an straitéis iompair do Chathair na Gaillimhe ó Staidéar Iompair agus Pleanála na Gaillimhe, 2002 (SIPG), inar leagadh amach straitéis iompair agus lonnáochotha don chathair agus don cheantar máguaird. Bhí Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Comhairle Chontae na Gaillimhe i gcomhar a chéile i mbun an tionscadail agus ghlac an dá cheann acu leis in 2003. Thacaigh an straitéis sin le córais shuntasacha fheabhsaithe iompair phoiblí, lena n-áirítear an gréasán bus, áiseanna páirceála agus taistil agus seirbhísí iarnróid comaitéireachta a fhorbairt agus feabhsuithe ar ghréasáin rothaíochta agus siúil in éineacht le forbairt Sheachbhóthar Chathair na Gaillimhe (2006). Bunaíodh Aonad Iompair na Gaillimhe laistigh de Chomhairle Cathrach na Gaillimhe in 2008 agus béim á cur ar réiteach comhtháite iompair den chineál sin a fhorbairt don chathair, úsáid seirbhísí iompair nach mbaineann le carranna a chur chun cinn bunaithe ar phrionsabail an taistil níos cliste agus an brú tráchta atá ann cheana féin a laghdú.

4.2.11 Forbraíodh an togra seo do Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe ó staidéar a coimisiúnaíodh chun athscrúdú a dhéanamh ar Sheachbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe, 2006. Ag tús an athscrúdaithe sin, tugadh faoi mheasúnacht ar an

éileamh foriomlán iompair chun an fhadhb iompair a thuiscint. B'éigean don mheasúnacht a mheas cibé an raibh roghanna malartacha ann ar mhórtógáil bóthair nua i gcomhthéacs bheartas an iompair inbhuanaithe. Conclúid thábhachtach a baineadh as an measúnacht bhunaidh sin ná nach é trácht seachbhóthair an chuid is mó den fhadhb tráchta i nGaillimh. Bhí sé soiléir nach mór go bhforbrófaí aon fheabhas ar an ngréasán bóithre náisiúnta, más gá feabhas a dhéanamh, laistigh de straitéis foriomlán iompair a chuir gach modh san áireamh.

- 4.2.12 Mar gheall air sin, bunaíodh foireann ar leith chun straitéis foriomlán iompair a fhorbairt do Ghaillimh. Bhí Comhairle Cathrach na Gaillimhe i gceannas ar an obair, i gcomhar le Comhairle Chontae na Gaillimhe agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair, agus ba í foilsíú Straitéis Iompair na Gaillimhe (SIG) toradh na hoibre.
- 4.2.13 Ba ghá go leanfadh an obair ar an N6 GCRN i gcomhthráth chun eolas a dhéanamh do SIG ar indéantacht agus suíomh bóthair nua ag trasnú Abhainn na Gaillimhe agus ar an gcaoi ar féidir an bóthar sin a nascadh leis an ngréasán reatha bóithre. De réir mar a bhí obair ar siúl ar SIG, dhírigh foireann an N6 GCRN ar roghanna féideartha do bhealach nua trasna Abhainn na Gaillimhe. Ar an gcaoi sin, rinne an dá staidéar eolas dá chéile.
- 4.2.14 Dá réir sin, is é an N6 GCRN an ghné bhóthair den réiteach foriomlán iompair agus tá an bóthar riachtanach chun dul i ngleic leis na fadhbanna brú tráchta a chuireann srian ar chur i bhfeidhm iomlán na mbeartas Taisteal Níos Cliste. Leagtar sin amach tuilleadh i gCuid 1.3 de Chaibidil 1 den TMTT.
- 4.2.15 Liostaítear i gCuid 2.5 de Straitéis Iompair na Gaillimhe 2016-2035 (SIG) an comhthéacs beartais, lena n-áirítear na staidéir iompair a rinneadh roimhe sin do Ghaillimh agus dearbhaíonn sé go gcuireann SIG cuspóirí Taisteal Níos Cliste, Todhchaí an Iompair Inbhuanaithe, Beartas Nua Iompair d'Éirinn 2009-2020 [An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (2009)] san áireamh agus féachann sé go mbainfear amach iad. Leagtar amach in SIG léargas ar na gníomhartha agus bearta atá beartaithe le cur i bhfeidhm, a chumhdaíonn gnéithe bonneagair, oibríochta agus beartais tugtha le chéile faoi fhís fhoriomlán “chun réigiún cathrach nasctha a chruthú á tiomáint ag soghluaisteacht níos cliste”. Tá an straitéis mar bhonn taca ag Pleananna Forbartha Chathair na Gaillimhe agus Chontae na Gaillimhe.
- 4.2.16 Mar chuid de cheapadh SIG, tugadh faoi réitigh ar na fadhbanna iompair atá roimh Chathair na Gaillimhe agus an ceantar máguaird a aithint, agus mar chuid den phróiseas bhí dhá chomhairliúchán phoiblí agus measúnú ina dhiaidh sin ar éifeachtúlacht thabhairt isteach chéimnigh beart chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna iompair na cathrach sular breithníodh bonneagar nua bóthair. Dearbhaíodh leis an samhaltú nach bhfuil cur i bhfeidhm réitigh nach n-úsáideann ach an gréasán bóithre atá ann cheana féin agus modhanna feabhsaithe inbhuanaithe, is é sin siúl, rothaíocht agus iompar poiblí, leordhóthanach chun brú tráchta a laghdú, de réir an mheasúnaithe a rinneadh chun bonn eolais a chur faoi SIG. Go deimhin, d'uireasa cuarbhóthar, is cinnte go gcuirfeadh an meascán de bhearta eile leis an mbrú tráchta. Chuir na roghanna a breithníodh do chuarbhealach

nua do bhonneagar nua bóithre cumasú deiseanna do mhodhanna iompair inbhuanaithe agus uasmhéadú úsáide na modhanna sin san áireamh.

Tugadh saincheisteanna Comhshaoil agus Pleanála faoi deara ach níor sonraíodh iad:

- 4.2.17 De réir mar a mhínítear in ailt 4.2.2 go 4.2.6 thuas, cloíodh leis na nósanna imeachta reachtacha pleanála agus comhshaoil maidir leis an iarratas seo.

4.3 Beartais Náisiúnta agus Réigiúnacha

Saincheisteanna a tarraingíodh anuas in aighneachtaí

- 4.3.1 Tarraingíodh anuas na saincheisteanna seo a leanas maidir le beartas náisiúnta agus réigiúnach sna haighneachtaí:

- Tá an fhorbairt bóthair bheartaithe contrártha don Chreat Náisiúnta Pleanála (CNP): Ob_049, Ob_511.06; S_012; Ob_528_541_543_557
- Tugtar tús áite do thionscadal bóthair roimh an bpleanáil réigiúnach: Ob_511.06
- Spreagfaidh suíomh na forbartha bóthair beartaithe sraoilleáil uirbeach: Ob_136; S_042

Freagraí

An Creat Náisiúnta Pleanála (CNP)

- 4.3.2 Dearbhaítear i gCaibidil 2 den TMTT go dtagann an fhorbairt bóthair bheartaithe le beartais agus cuspóirí reatha maidir le pleanáil talamhúsáide agus iompair agus forbairt réigiúnach atá cothrom agus inbhuanaithe ag leibhéal an AE agus ag an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil.
- 4.3.3 Mar fhreagra ar an maíomh sonrath go bhfuil an fhorbairt bóthair bheartaithe contrártha don Chreat Náisiúnta Pleanála (CNP), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil an Plean Forbartha Náisiúnta 2018-2027 (PFN), in éineacht leis an CNP, mar chuid de *Thionscadal Éireann 2040: Todhchaí na hÉireann á Tógáil*, a bhfuil sé mar aidhm aige mórtionscadail bhonneagair náisiúnta a chur i gcrích ar mhaithe leis an, inter alia, inrochtaineacht fheabhsaithe réigiúnach, ceann de na Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta sa Chreat Pleanála. Aithnítear an N6 GCRR mar thionscadal den chineál sin ag Codanna 1.7 agus 5.2 den PFN agus cuirfidh sé le nascacht leis an Réigiún agus laistigh de.
- 4.3.4 Déantar scrúdú i gCuid 2.3.4 de Chaibidil 2 den TMTT ar an bhforbairt bóthair bheartaithe maidir leis na deich dToradh Straitéiseach Náisiúnta den CNP agus léirítear ann go bhfuil an N6 GCRR riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach i Réigiún an Iarthair [féach ar Thábla 1 d’Aguisín A atá ceangailte leis seo].
- 4.3.5 Aithnítear sa CNP nach bhfuil “cur chuige gnó mar is gnách” a dhéanann aithris ar phatrún na tithíochta fo-uirbí fairsinge ísealdlúis inbhuanaithe. Spreagann an CNP

an fhorbairt inbhuanaithe bunaithe ar shamhail cathrach dlúithe ag a bhfuil dlús cónaithe níos airde, iompar poiblí feabhsaithe agus soláthar ceart maidir le rothaíocht agus siúl. Aithnítear go sonrach sa CNP an fhorbairt bóthair atá beartaithe ina phríomháisitheoir ar an bhfás amach anseo do Chathair na Gaillimhe agus do Réigiún an Iarthair.

- 4.3.6 Cuireann an N6 GCRR atá beartaithe acmhainn ar fáil do thurais timpeall na cathrach agus sa chaoi sin, laghdaíonn sé turais trí lár na cathrach. Beidh níos lú brú tráchta ann má dhéantar ní ba lú turas ar bhóithre lár na cathrach, agus ath-leithroinnfear spás bóithre i lár na cathrach ar na modhanna níos inbhuanaithe d'iompar poiblí, rothaíocht agus siúl, ag cur lena sciar mhodhach.
- 4.3.7 Dá bhrí sin, cabhraíonn an N6 GCRR atá beartaithe go díreach agus go hindíreach le baint amach cuspóirí tábhachtacha na forbartha inbhuanaithe, lena n-áirítear na torthaí straitéiseacha náisiúnta sa PFN agus sa CNP.
- 4.3.8 Leagtar amach i gCuid 2 den CNP, “Slí Nua chun Tosaigh”, an straitéis fhoriomlán maidir le freastal ar an bhfás daonra agus eacnamaíoch atá beartaithe i gceantair uirbeacha. Aithnítear Gaillimh mar inneall réigiúnach do Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair ag Cuid 3.3 den CNP agus *“leagtar amach príomhchumasóirí fáis do Ghailimh amach anseo:*
- *na naisc iompair inbhuanaithe a fheabhsú*
 - *líonra iompair phoiblí a sholáthar a théann ar fud na cathrach*
 - *líonra straitéiseach rothaíochta a fhorbairt*
 - *cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe a sheachadadh”*
- 4.3.9 Dá réir sin, leagtar amach go sonrach sa CNP go bhfuil seachadadh an N6 GCRR ina “phríomhchumasóir fáis amach anseo”, as a dtagann sé go bhfuil an fhorbairt bóthair bheartaithe i gcomhréir leis an CNP agus go bhfaigheann sé tacaíocht uaidh.

Pleanáil Réigiúnach

- 4.3.10 Mar gheall ar an gconspóid go dtugtar “tús áite” don fhorbairt bóthair atá beartaithe “chun tosaigh ar phleanáil réigiúnach”, prionsabal lárnach den Chreat Náisiúnta Pleanála is ea réigiúin níos láidre a thógáil ina mbeidh inrochtaineacht níos fearr laistigh de na réigiúin agus idir na hionaid réigiúnacha (Cuspóir Beartais Náisiúnta 2a). Díritear ar Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge le haghaidh fás ag ráta níos airde go comhréireach le bheith ina lárionaid réigiúnacha scála inrochtana níos láidre agus a bpróifíl a fheabhsú sa réigiún agus ar fud na tíre agus an domhain.
- 4.3.11 As an bhfás daonra de 1,000,000 duine ar fud na tíre a bhfuiltear ag súil leis roimh 2040, tá an CNP ag súil le idir 160,000 agus 180,000 duine sa bhreis i Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair agus tá Cathair na Gaillimhe agus a Bhruachbhailte (Ceantar Uirbeach na Gaillimhe) le freastal ar idir 40,000 agus 45,000 duine díobh.
- 4.3.12 Leagtar amach i gCuid 2.4 de Chaibidil 2, Pleanáil agus Beartas, den TMTT an beartas réigiúnach go dtí seo i.e. Cuid 2.4.1 Na Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí (TPRanna) le haghaidh Réigiún an Iarthair 2010-2022, ar tháinig an Straitéis

Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch (SRSE) do réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair ina n-áit. Fís na Straitéise is ea ‘ról tábhachtach a bheith aici in athrú an réigiúin seo chun áit bhríomhar, nasctha, nádúrtha, ionchuimsitheach agus chliste chun oibre agus cónaí inti a chruthú.’

- 4.3.13 Mar chuid den Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch do Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair, tá Plean Straitéiseach Ceantair Uirbigh (PSCU) do Mhórcheantar Uirbeach na Gaillimhe. Is creatphlean straitéiseach 12 bhliain é an PSCU atá bunaithe ar chomhtháthú éifeachtach na pleanála talamhúsáide agus iompair. Liostaítear an N6 GCRR mar phríomhghné iompair den PSCU. Tacaíonn Cuspóir Beartais Réigiúnach (CBR) 3.6.7 le *Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe (S) agus le Straitéis Iompair na Gaillimhe (S/M/L)*.
- 4.3.14 Leagtar amach tosaíochtaí infheistíochta iompair do Réigiún an Iarthair i gCuid 6.3, ina sonraítear go bhfuil ról tábhachtach ag mórinfheistíochtaí bonneagair i bhforbairt inbhuanaithe agus cothrom an réigiúin a chumasú. Tá an fhorbairt bóthair atá beartaithe faoi réir Chuspóir Beartais Réigiúnach 6.6 den SRSE freisin agus aithnítear é mar “Thosaíocht Infheistíochta Bonneagair” do Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair ag Cuid 6.3 den SRSE. Tugann Cuid 6.3.2 aghaidh ar an ngréasán bóithre go sonrath agus cuireann sé béim ar an tábhacht a bhaineann le hinrochtaineacht réigiúnach ar an Réigiún, uaidh agus laistigh de a fheabhsú, mar chuid den CNP agus den PFN. Freagraíonn an N6 GCRR atá beartaithe don ghá sin le nascacht fheabhsaithe réigiúnach, feabhsaíonn sé gréasán bóithre an chontae, rud a laghdóidh costais iompair, agus cuireann sé le forbairt eacnamaíoch an réigiúin.
- 4.3.15 Tugtar faoi deara i gCuid 6.2 den SRSE na dúshláin roimh an soláthar iompair sa Réigiún agus athdhearbhaíonn sé an tábhacht a bhaineann le *“comhtháthú dlúth na pleanála iompair, spásúlachta agus eacnamaíoch a chuireann an deis ar fáil roghanna feabhsaithe iompair inbhuanaithe a sholáthar do dhaoine agus an spleáchas ar an gcarr príobháideach a laghdú.”* Tacaíonn an sliocht thíos ón gcuid sin le SIC i ndáil leis sin.
- “Sampla dea-chleachtais de chás ina bhfuil comhtháthú na pleanála iompair, spásúlachta agus eacnamaíoch le baint amach is ea Straitéis Iompair na Gaillimhe (SIG). Ba cheart SIG a úsáid mar theimpléad in áiteanna eile agus, i dtosach, ba cheart cur chuige comhchosúil a ghlacadh mar thosaíocht i Sligeach, i mBaile Átha Luain agus i Leitir Ceanainn (ag cuimsiú Measúnacht Iompair (ilmhódach) fhoriomlán trasteorann le Doire).”*
- 4.3.16 Mar a luadh cheana féin, d’ullmhaigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Comhairle Chontae na Gaillimhe SIG, i gcomhpháirtíocht leis an Údarás Náisiúnta Iompair. Tá SIG bunaithe ar mheasúnacht chuimsitheach ar na fadhbanna iompair atá roimh Chathair na Gaillimhe agus an ceantar máguaird agus an gá le réiteach comhtháite inbhuanaithe iompair a fhorbairt chun freastal ar an éileamh taistil ionas go n-éascófaí an fás *“ar bhealach comhtháite inbhuanaithe a réitíonn an infheistíocht iompair le patrúin lonnaithe agus gluaiseachtaí taistil agus a thacaíonn le húsáid inbhuanaithe talún freisin.”*

4.3.17 Seo a leanas príomhghnéithe SIG:

- athruithe ar an líonra tráchta, lena n-áirítear soláthar conair nua ceangail iompair phoiblí trasna na cathrach, agus an N6 GCRR, agus ath-leithroinnt spáis bóthair sa chathair a bhfuiltear ag díriú air chun tús áite a thabhairt don siúl, don rothaíocht, agus d'iompar poiblí
- líonra iompair phoiblí áitiúil feabhsaithe agus seirbhís iompair phoiblí réigiúnach dírithe ar sheirbhís bus ardchaighdeáin, fheabhsaithe, chomhtháite
- Féarbhealach Bhearna, rotharbhealach Chathair na Gaillimhe go Órán Mór (cuid de rotharbhealach na Gaillimhe go Baile Átha Cliath) agus Féarbhealach na Gaillimhe go Uachtar Ard
- feabhsuithe eile do rothaithe, do choisithe agus sa réimse poiblí lena n-áirítear tuilleadh roghanna i gcomhair rothaíochta i lár na cathrach agus ar fud lár na cathrach, saoráidí feabhsaithe do choisithe, tús áite do choisithe agus aimsiú agus inléiteacht bealaí
- bearta comhlántacha lena n-áirítear bearta oideachais agus athrú iompraíochta agus infheistíocht leanúnach i Réitigh Iompair Chliste chun éifeachtúlacht, sábháilteacht agus comhordú a mhéadú thar líonraí iompair (Soghluaisteacht Chliste), agus béim bhreise ar úsáid talún agus ar chomhtháthú iompair

4.3.18 Is príomhghné den straitéis iompair í an fhorbairt bóthair atá beartaithe mar sin, maidir le foráil a dhéanamh do riachtanais iompair Chathair na Gaillimhe agus an ceantar máguaird sa lá atá inniu ann agus sa todhchaí. Tugann sé trasnú breise ar Abhainn na Gaillimhe, rud a éascóidh laghdú trangleim ar bhóithre i lár na cathrach, agus beifear in ann spás bóthair a ath-leithroinnt sa chathair ar mhodhanna iompair nach mbaineann úsáid as an gcarr príobháideach, rud a fheabhsóidh dá réir sin tarraingteacht modhanna iompair nach n-úsáideann carranna sa chathair le haghaidh aistir ghearra agus measartha fada. Déanann Cuid 3.6 de Thuarascáil Fheidhmeach SIG tagairt shonrach do rannchuidiú na forbartha bóthair atá beartaithe maidir le cuspóirí foriomlána na straitéise iompair a bhaint amach.

“I bhfianaise an tionchar láidir diúltach a bhíonn ag brú tráchta ar chuspóirí na straitéise seo a bhaint amach, ní chomhlíonfar cuspóirí foriomlána na Straitéise Iompair mura gcuirfead acmhainn bhreise ar fáil do thrácht. Anuas air sin, ba cheart nach mbeadh an acmhainn bóthair bhreise sin i gcoimhlint leis an ngréasán feabhsaithe iompair inbhuanaithe, ach ba cheart di díriú ar thacú le turais nach féidir leis na bearta beartaithe freastal orthu (i.e. gluaiseachtaí ar imeall na cathrach agus turais ó áit taobh amuigh den chathair go háit taobh amuigh den chathair.) Moltar nasc nua bóthair taobh ó thuaidh den chathair mar sin mar chuid den Straitéis Iompair seo chun an acmhainn riachtanach a chur ar fáil agus chun tacú le cur i bhfeidhm beart iompair inbhuanaithe.”

4.3.19 Tá sé i gceist ag an Straitéis atá forbartha feabhas a chur ar an ngréasán bóithre, tús áite a thabhairt d'iompar inbhuanaithe bus le hathdhearadh suntasach ar an

ngréasán agus soláthar seirbhísí, gréasán rothaíochta agus áiseanna feabhsaithe do choisithe a fhorbairt le tacaíocht ó bhearta eile amhail ticéadú comhtháite, faisnéis fíor-ama, athrú iompraíochta a spreagadh agus comhordú níos fearr talamhúsáide agus iompair sna pleananna reachtacha forbartha. Tá SIG á cur i bhfeidhm ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe faoi láthair, ó thaobh na gcuspóirí beartais a bunaíodh agus seachadadh na dtionscadal iompair a aithníodh sa straitéis.

4.3.20 Tá an N6 GCRR ar cheann de shraith tograí sa straitéis iompair do Ghailimh. Mar sin féin, tá an fhorbairt bóthair bheartaithe ina cuid lárnach de SIG chun an leas is fearr den straitéis iompair iomlán do Ghailimh a bhaint amach, a bhfuil sé mar aidhm aici an spleáchas ar an gcarr príobháideach a laghdú agus aistriú suntasach modha go hiompar poiblí agus modhanna gníomhacha a bhaint amach, a chinntiú. Tá cur i bhfeidhm bearta SIG, an fhorbairt bóthair bheartaithe san áireamh, riachtanach le haghaidh pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe Mhórcheantar Uirbeach na Gaillimhe mar a míníodh sna pleananna reachtacha forbartha don Chathair agus don Chontae chun na torthaí straitéiseacha in Tionscadal Éireann 2040 a bhaint amach.

4.3.21 Dá bhrí sin, réitíonn an fhorbairt bóthair bheartaithe ina iomláine le beartas réigiúnach forbartha inbhuanaithe agus féachann sí chun na cuspóirí sin a chur i gcrích, agus ní féidir a mheas go réasúnach gur tugadh tús áite di roimh an bpleanáil réigiúnach.

Spreagfaidh suíomh na forbartha bóthair beartaithe sraoilleáil uirbeach

4.3.22 Tacaíonn N6 GCRR le fás inbhuanaithe i nGaillimh agus ailíníonn sé leis an tsamhail fáis uirbigh dlúith sa bheartas náisiúnta pleanála, atá beartaithe go sonrach chun sraoilleáil uirbeach bhreise a sheachaint. Meastar sin i dtaca le comhlíonadh beartas náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil ar an bhforbairt inbhuanaithe i gCuid 4.5.

4.4 Cuspóirí Phlean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2017-2023

Ceisteanna

- 4.4.1 Tarraingíodh na ceisteanna a leanas anuas maidir le beartas agus cuspóirí áirithe i bPleananna Forbartha Chathair gus Chontae na Gaillimhe:
- (a) Ní bhaineann an fhorbairt bóthair bheartaithe amach na cuspóirí i bPleananna Forbartha Chathair agus Chontae na Gaillimhe maidir le fostaíocht agus geata mar gheall ar thionchar féideartha Bhóthar Ceangail na Páirce Móire atá beartaithe ar thailte atá criosaithe i gcomhair fostaíochta ag Baile an Bhriotaigh: Ob_695
 - (b) Moltar go n-úsáidfí Cairéal Leacaigh mar chompún tógála, úsáid atá difriúil ó chriosú reatha na talún sin: Ob_584.1
 - (c) Béim ar bheartais iompair agus easpa breithnithe ar bheartais agus cuspóirí oideachais an Phlean Cathrach: Ob_528_541_543_557
 - (d) Tionchar ar thailte OÉG atá criosaithe mar thailte áineasa agus cailliúint taitneamhachta: Ob_528_541_543_557; Ob_511.06 agus S_024
 - (e) Beartas 2.5 maidir le Bruachbhailte Amuigh na cathrach agus pleanáil chúil agus an fhorbairt inbhuanaithe: S_011; S_031
 - (f) Na hArdáin - ceist i dtaca le nascacht sa PCÁ, agus seachadadh roghanna iompair inbhuanaithe do thailte na nArdán: S_009
 - (g) Ní thugtar aon eolas maidir leis an slánachar caighdeánach do rochtain ar an bhforbairt ar na bóithre friothálacha leis an mbóthar seo: Ob_213

Freagraí

Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2017-2023

(a) Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe (2017-2023) Cuspóirí Fostaíochta & Geata

- 4.4.2 Tugann Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe, dá dtagraítear i gCuid 2.5.2.1 (lgh. 59 & 60) den TMTT tús áite do bhaint amach a Phríomhstraitéise agus a Chuspóirí Straitéiseacha agus na príomhghnéithe a bhaineann lena mbaint amach, lena n-áirítear “*cur ar chumas na Cathrach a ról mar Gheata Náisiúnta agus Lárionad Réigiúnach a chomhlíonadh agus rannchuidiú leis an téarnamh eacnamaíoch trí dheiseanna eacnamaíocha cothrom agus inbhuanaithe a sholáthar i gcomhair fáis, nuálaíochta agus infheistíochta thar gach earnáil fostaíochta agus ligean do ról an Gheata láidreachtaí Réigiún an Iarthair a chothú agus forbairt eacnamaíoch don réigiún iomlán a uasmhéadú*”. Tá SIG, a bhfuil an N6 GCRR mar chuid ríthábhachtach de agus atá riachtanach le haghaidh cur i bhfeidhm iomlán na straitéise iompair, curtha san áireamh sna beartais agus sna forálacha i bPlean Forbartha Chathair na Gaillimhe [féach ar Chuid 2.5.2.1 de Chaibidil 2 den

TMTT]. Tá baint amach cuspóirí eacnamaíocha ag leibhéal na cathrach agus an chontae ag croílár na forbartha bóthair beartaithe agus stádas Chathair na Gaillimhe mar cheann de na cúig chathair réigiúnacha sa Creat Náisiúnta Pleanála.

- 4.4.3 Cloíonn an N6 GCRR le Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe. Go sonrath, aithnítear an N6 GCRR i gCaibidil 3 de Phlean Forbartha Chathair na Gaillimhe mar cheann de phríomhthosaíochtaí na straitéise iompair foriomláine don chathair, mar a dhearbhaíonn an sliocht seo a leanas ó Chuid 3.10:

“Tacú le tionscadal an N6 GCRR i gcomhar le Comhairle Chontae na Gaillimhe agus le Bonneagar Iompair Éireann d’fhonn réiteach iompair a fhorbairt chun dul i ngleic leis an tranglam reatha ar an líonra bóithre agus an droch-thionchar atá ag trácht feithiclí ar fheidhmiú agus ar eispéireas lár na cathrach a laghdú agus gluaiseachtaí straitéiseacha i dtreo na cathrach, trasna na cathrach, trasna an chontae agus soir-siar a éascú.”

- 4.4.4 Luaitear i gCuid 11.2 de Phlean na Cathrach *“tabharfar tús áite do chaomhnú Chonair Bhealach Roghnaithe N6 GCRR agus na ceanglais talún gaolmhara thar chriosuithe úsáide talún agus cuspóirí sonracha eile”*. Tabharfar tús áite do chaomhnú an N6 GCRR atá beartaithe thar chriosú úsáide eile sna limistéir seo a leanas:

- Táthar ag súil, agus foráiltear do bhreis fáis fostaíochta atá pleanáilte i gceantar Bhaile an Bhriotaigh/na Páirce Móire i bPlean Forbartha Chathair na Gaillimhe, agus déantar foráil do chonairí bus agus príomhlíonra rothaíochta chun freastal ar riachtanais iompair na bhfiontar atá sa cheantar cheana féin agus siúd a bheidh ann amach anseo. Tá Bóthar Ceangail na Páirce Móire ina chuid lárnach den fhorbairt bóthair atá beartaithe, agus ceanglaíonn sé Baile an Bhriotaigh agus An Pháirc Mhór go díreach le hiompar poiblí, cosán agus líonra rothaíochta, ag feabhsú rochtain ar dheiseanna fostaíochta gan gá carr príobháideach a úsáid ar an ngréasán bóithre náisiúnta.
- Cuirfead feabhas suntasach ar an ngréasán bóithre mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe agus déanfaidh an fhorbairt gluaiseacht earraí agus feithiclí chuig/ón gcathair, timpeall na cathrach agus sa réigiún i gcoitinne a chumasú.
- Aithnítear go mbeidh tionchar ar roinnt tailte tionsclaíocha criosaithe i mBaile an Bhriotaigh, mar sin féin, déanfaidh na buntáistí a bheidh sa cheantar mar thoradh ar an N6 GCRR, lena n-áirítear feabhas mór ar rochtain ar an ngréasán bóithre náisiúnta agus an gréasán bóithre áitiúil, an laghdú ar an líon talún arna chriosú chun aon chríche fostaíochta a chothromú. Aithnítear na feabhsúcháin seo i roinnt de na haighneachtaí. Laghdóidh na feabhsúcháin a sheachadfar mar chuid den fhorbairt bóthair atá beartaithe, mar aon le cur i bhfeidhm gnéithe eile den straitéis fhoriomlán iompair le haghaidh na Gaillimhe, an tranglam tráchta agus cuirfidh na bearta seo le rochtain laistigh agus timpeall na cathrach. Rachfar i ngleic leis na fadhbanna iompair atá sa cheantar cheana féin, fadhbanna a bhfuil drochthionchar acu

ar fhorbairt tailte ar fud na cathrach, ag cur teorainn le cumas na Gaillimhe fíorstádas réigiúnach a bhaint amach mar atáthar ag súil leis sa Chreat Náisiúnta Pleanála agus sa Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch.

- Táthar ag súil go ndéanfaidh forbairt cuarbhóthair straitéisigh, córas iompair iontaofa atá ar ardchaighdeán agus soláthar deiseanna siúil agus rothaíochta forbairt inbhuanaithe tailte atá criosaithe go cuí sa chathair agus ní ag Baile an Bhriotaigh amháin. Cabhróidh na bearta iompair atá mar chuid den fhorbairt bhóthair seo ról na Gaillimhe mar gheata mór sa réigiún a neartú agus í ar cheann de na cathracha ar a ndírítear le haghaidh fás suntasach fostaíochta agus daonra sa Chreat Náisiúnta Pleanála. Tá forbairt eacnamaíoch á héascú ar fud na cathrach mar gheall gur tugadh cead le haghaidh forbairt mhór fostaíochta i Lár na Cathrach ag an mBaile Bán agus ag Dabhach Uisce – tá an fhorbairt seo uile á héascú ag, agus tacóidh sí leis an mbonneagar iompair in SIG agus an N6 GCRR a chumasú.

4.4.5 Tá an fhorbairt bóthair atá beartaithe i gcomhréir leis na príomhchuspóirí i gCaibidil 5 de Phlean Forbartha Chathair na Gaillimhe, agus riachtanach chun na príomhchuspóirí sin a bhaineann le geilleagar a bhaint amach, lena n-áirítear sna bealaí seo a leanas.

- Tacú le forbairt inbhuanaithe na Gaillimhe mar Gheata Tairsí do Réigiún an Iarthair agus é a éascú
- Feidhmíocht eacnamaíoch na Gaillimhe a fheabhsú mar Gheata Tairsí agus mar lárionad fáis réigiúnach ag dul i ngleic leis na fadhbanna iompair reatha aitheanta, agus freastal ar na riachtanais iompair a bheidh ann amach anseo trí ghnéithe iompair SIG agus an N6 GCRR a sheachadadh

(b) Cairéal Leacaigh a úsáid mar chompún tógála

- Criosaíodh Cairéal Leacaigh mar ‘A’ ar an léarscáil criosaithe talamhúsáide i bPlean Forbartha Chathair na Gaillimhe a bhfuil cuspóir criosaithe ag an bplean sin foráil a dhéanamh le haghaidh forbairt talmhaíochta agus chun carachtar tuaithe a chosaint. I gCuid 11.2 de Phlean na Cathrach tugtar tús áite “do chaomhnú CN6 GCRR agus na ceanglais talún gaolmhara thar chriosuithe úsáide talún agus cuspóirí sonracha eile”. Léirítear an chonair don N6 GCRR atá beartaithe ag Cairéal Leacaigh ar an léarscáil criosaithe. Léirítear go n-úsáidfear Cairéal Leacaigh mar chompún tógála sna pleananna agus na sonraí a aighníodh, agus glactar leis i gcuspóir criosaithe A ag féachaint do na forálacha a shonraítear i gCuid 11.2 maidir leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe. Dá réir sin, ní sháraíonn an N6 GCRR atá beartaithe agus na hoibreacha coimhdeacha ag Cairéal Leacaigh an chuspóir criosaithe ag an gcairéal.

(c) & (d) Breithniú ar na beartais agus cuspóirí oideachais/OÉG

- Breithníodh cailteanas limistéar conláiste ag OÉG go cúramach sna doiciméid iarratais. Go deimhin, dearadh an N6 GCRR atá beartaithe le

bearta maolaithe cuí chun na tionchair seo a laghdú. Dearadh na bearta seo chun an tionchar ar an Ollscoil a íoslaghdú.

- Tacaíonn beartais agus cuspóirí Phlean Forbartha Chathair na Gaillimhe go mór leis an N6 GCR, lena n-áirítear Beartas 7.4.2 ‘Oideachas’ chun “tacú le feabhas agus leathnú inbhuanaithe OÉG agus Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe & Mhaigh Eo sa todhchaí, ag aithint a n-ionchur d’fhorbairt leanúnach na Gaillimhe mar Gheata Tairsí.”
- Is cuid lárnach den Phlean Cathrach é caomhnú bóthair, mar aon le caomhnú champas na hollscoile, a bhfuil cuspóirí criosuithe úsáide talún ag na tailte sin mar Shaoráid Phobail (pobal, cultúrtha agus institiúideach) agus Áineas agus Taitneamhacht. Is cuid ríthábhachtach í an fhorbairt bóthair atá beartaithe agus an Ollscoil araon de thodhchaí na Gaillimhe.
- Cuirtear deireadh le S_049 le haghóid i gcoinne “scuabadóra” ina maítear go bhfuil an N6 GCR “ina sárú tromchúiseach ar phleananna agus beartais ar glacadh leo ag leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta. Cuireann Pleananna Forbartha Chathair agus Chontae na Gaillimhe, an SRSE, beartas “Taisteal Níos Cliste” de chuid an Rialtais, agus Straitéis Iompair na Gaillimhe béim níos láidre ar chineálacha iompair atá níos **inbhuanaithe**. Baineadh leas as pleanáil inbhuanaithe le fiche bliain anuas faoi Acht 2000. Tá prionsabail na hinbhuanaitheachta ríthábhachtach do chreat pleanála spásúla agus infheistíochta chaipitil na hÉireann ag gach leibhéal don scór bliain atá romhainn, faoi mar a shonraítear i gCuid 4.6 (forbairt inbhuanaithe) den ráiteas fianaise seo. Dá réir sin, tacaítear leis an N6 GCR ag gach leibhéal cuí.

(e) Beartas 2.5 le haghaidh Bruachbhailte Amuigh

- 4.4.6 Cuireadh prionsabail forbartha inbhuanaithe i mbeartais náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla san áireamh i bhforbairt an N6 GCR agus forbraíodh é le freagairt ar “saincheisteanna oidhreachta ón bhfás le deireanas” mar a dhéantar cur síos orthu i gCuid 3.3 (lch. 42) den Chreat Náisiúnta Pleanála. Tugtar le fios sa Chreat Náisiúnta Pleanála freisin “i measc na ndúshlán nach miste aghaidh a thabhairt orthu tá, an rogha tithíochta agus tithíocht inacmhainne, iompar/soghluaisteach agus an caighdeán saoil uirbeach, lasmuigh de chroílímistéar na cathrach go háirithe”. Déantar scrúdú air sin i gCuid 2.4 de Chaibidil 2 den TMTT.
- 4.4.7 Meastar go bhfuil sé oiriúnach Bóthar Ceangail N59 ó Dheas atá beartaithe a lonnú taobh le Bóthar Diarmada ag an gcomhéadan idir ceantar Rosán Glas arna chríosú chun críche cónaithe ar an taobh thoir agus taobh leis an gcriosú fiontair, tionsclaíoch agus úsáide baintí ó thuaidh. Tagann sé seo go díreach le plean forbartha na cathrach.
- 4.4.8 Meastar go mbaintear na cuspóirí le haghaidh na mBruachbhailte Amuigh atá le fáil i gCuid 2.5 de phlean forbartha na cathrach amach, agus go mbainfear forbairt inbhuanaithe amach don chathair.

(f) Beartais agus cuspóirí maidir leis na hArdáin

- 4.4.9 Maítear in Aighneacht S_009 go mbeidh drochthionchar ag an N6GCRN atá beartaithe ar thailte Phlean Ceantair Áitiúil na nArdán agus go scoithfear na hArdáin Theas ó na hArdáin Thuaidh. Luaitear an méid seo a leanas ar leathanach 12 den aighneacht:
- *Ní dhearnadh aon fhoráil i gcomhair trasrian le haghaidh iompar poiblí, rothaíochta agus coisithe ar an M6/N6 thuaidh-theas agus é ailínithe leis an bPríomhlíonra Rothaíochta/Coisithe i bPlean Ceantair Áitiúil (PCÁ) na nArdán. Bhíothas ag súil in PCÁ na nArdán go dtógfaí droichead le haghaidh coisithe agus rothar thar an M6/N6 atá ann cheana féin agus rinneadh foráil i leith imscrúduithe ar dheiseanna le haghaidh trasrian d'iompar poiblí ar an M6/N6 i gcomhthéacs SIG agus Mheasúnú Iompair Limistéarbhunaithe. Féach Fíor 20 & Fíor 23*
 - *Ní dhearnadh aon fhoráil i gcomhair trasrian le haghaidh coisithe agus rothaíochta den R446 soir-siar agus é ailínithe leis an bPríomhlíonra Rothaíochta/Coisithe in PCÁ na nArdán. Bhíothas ag súil in PCÁ na nArdán go dtógfaí trasrian mar sin. Féach Fíor 20 & Fíor 23*
- 4.4.10 Mar a leagtar amach i gCuid 2.5.2.2 de Chaibidil 2 den TMTT, féachann Plean Ceantair Áitiúil na nArdán (PCÁ) (2018-2024) le cuspóirí a bhaineann le príomhstraitéis Phlean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2017-2023 a bhaint amach, “*mar limistéar forbartha ríthábhachtach atá in ann freastal ar fhás daonra, ar fhás i ngníomhaíocht eacnamaíoch agus i ndeiseanna fostaíochta go fadtéarmach*” (Cuid 1.1 PCÁ na nArdán).
- 4.4.11 Tacaíonn Sprioc Straitéiseach 4 de PCÁ na nArdán (Cuid 3) le forbairt modhanna iompair inbhuanaithe a beartaíodh i bPlean na Cathrach agus in SIG. Tacaíonn beartas leis an Sprioc Straitéiseach seo chun “*idirnascacht a chur chun cinn idir gach cineál iompair, go háirithe cineálacha iompair atá inbhuanaithe agus iompar poiblí, chun na hArdáin a nascadh go héifeachtúil leis na príomh-mhoil ghníomhaíochta, lena n-áirítear lár na cathrach, i gcomhréir le SIG*”. Tacaítear leis arís, agus déantar é a éascú i gCuid 4.5 de PCÁ na nArdán leis an bpríomhchuspóir seo a leanas chun “*tacú le soláthar líonra comhtháite iompair phoiblí chun freastal ar na hArdáin trí Straitéis Iompair na Gaillimhe a chur i bhfeidhm i gcomhar leis na soláthróirí iompair chúí, ÚNI agus páirtithe leasmhara eile.*”
- 4.4.12 Cuirtear conair na forbartha bóthair beartaithe ar leataobh i PCÁ na nArdán mar trasnaíonn sí limistéar an PCÁ, faoi réir chuspóirí Phlean na Cathrach, Cuid 1.4 agus Cuid 3.10. Forbraíodh PCÁ na nArdán thar na mblianta ag cur conair an M6/N6 agus an N6 GCRN san áireamh ag baint an leas is mó as athúsáid na conaire, ag cur teorainn le dícheangal sna hArdáin.
- 4.4.13 Tagann PCÁ na nArdán le Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe, Straitéis Iompair na Gaillimhe agus an N6 GCRN.

- 4.4.14 D'fhorbair Comhairle Cathrach na Gaillimhe, i gcomhthéacs SIG agus PCÁ na nArdán, straitéis iompair ar leith (i.e. Measúnú Iompair Limistéarbhunaithe nó MIL) do na hArdáin, d'fhonn na cuspóirí a leagtar amach i PCÁ na nArdán a bhaint amach, seachadadh forbairt iompair inbhuanaithe a chinntiú agus nascacht thailte na nArdán a áirithiú. Téitear i ngleic le rochtain ar iompar poiblí agus rochtain coisithe agus rothaíochta go sonrach sa MIL seo, i gcomhthéacs PCÁ na nArdán 2018-24 ar glacadh leis cheana, agus an N6 GCRR atá beartaithe.
- 4.4.15 Le déanaí, cuireadh leis an tiomantas don iompar inbhuanaithe sna hArdáin tríd an sásra 'Creat um Athbheochan agus Forbairt Uirbeach' (CAFU). Rinneadh iarratas CAFU chun Timpeallán na Máirtíneach agus an bóthar ceangail a théann isteach go tailte an PCÁ a uasghrádú chun rochtain níos sábháilte, níos éasca a chur ar fáil ar iompar poiblí agus rochtain coisithe agus rothaíochta ag na hArdán, agus ceadaíodh an t-iarratas (thart ar €2.0 milliún). Cuireadh an t-iarratas seo tríd an bpróiseas reachtúil faoi Chuid 38 d'Acht na mBóithre agus tá sé ag dul tríd an gcéim dearaidh faoi láthair.

(g) Ní thugtar aon eolas maidir leis an slánachar caighdeánach do rochtain ar an bhforbairt ar na bóithre friothálacha leis an mbóthar seo

- 4.4.16 Ní shonraítear slánachar forbartha sainordaithe ó bhóithre i bPlean Forbartha na Cathrach 2017-23. Moltar i mbeartais an Phlean, lena n-áirítear caighdeáin bhainistíochta na forbartha agus na treoirlínte atá mar chuid dóibh, go bhfreagróidh an dearadh agus na leaganacha amach ar an gcomhthéacs. Bíonn tionchar ag roinnt gnéithe ar an gcaidreamh a bhíonn idir foirgnimh agus bóthar lena n-áirítear an fhoirm uirbeach atá ann, saintréithe na láithreach, an úsáid atá beartaithe agus dearadh an fhoirgnimh, prionsabail dearaidh uirbigh, riachtanais taitneamhachta agus is saincheist í a thagann chun cinn trí phróiseas bainistíochta na forbartha.

4.5 Cuspóirí Phleananna Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021 (arna n-athrú)

Ceisteanna

- 4.5.1 Tarraingíodh na ceisteanna seo a leanas anuas maidir le beartas agus cuspóirí áirithe i bPleananna Forbartha Chathair agus Chontae na Gaillimhe:
- (h) Ní bheidh réimsí suntasacha talún ar fáil do bhaill teaghlaigh i mBearna chun aonad cónaithe aonair a thógáil mar thoradh ar an bhfáil talún atá riachtanach chun tógáil an N6 GCRR a éascú: Ob_117, Ob_134, Ob_194, Ob_195, Ob_199, Ob_207, Ob_209 agus Ob_300
 - (i) Ábhar inmí maidir le teorainneacha ballaí cloch a bhainfear agus na fáлта agus na cuailí adhmaid a chuirfear ina n-áit: Ob_103, Ob_108, Ob_111, Ob_116, Ob_117, Ob_125, Ob_134, Ob_147, Ob_194, Ob_195, Ob_197, Ob_199, Ob_201, agus Ob_204
 - (j) Laghdaíodh achar iomlán cheantar Bhearna i Leagan Uimh. 2 (a) a ghabhann le Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe. Moltar go scoiltfear ceantar

Bhearna ina dhá chuid leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe. Tiocfaidh athrú suntasach ar charachtar tuaithe Bhearna mar thoradh ar thógáil an N6 GCRR atá beartaithe: Ob_116, Ob_135, Ob_158, Ob_179, Ob_199, Ob_201

- (k) Níl Plean Ceantair Áitiúil i bhfeidhm don limistéar in oirthear na cathrach, atá in aice le limistéar riaracháin na cathrach, d'ainneoin shuíomh an limistéir: Ob_677 & Ob_678
- (l) Imní faoin bhféidearthacht go dtarlódh tuilte roimh thógáil an N6GCRR agus ina dhiaidh: Ob_031 agus Ob_195
- (m) Sáraíonn an fhorbairt bóthair atá beartaithe pleananna agus beartais (oifigiúla) ag gach leibhéal: S_049

Freagraí

(a) Ní bheidh réimsí suntasacha talún ar fáil do bhaill teaghlaigh i mBearna chun aonad cónaithe aonair a thógáil mar thoradh ar an bhfáil talún atá riachtanach chun tógáil an N6 GCRR a éascú:

4.5.2 Tá beartais agus cuspóirí a bhaineann le soláthar tithíochta uirbí agus tuaithe le fáil i gCaibidil 3, Tithíocht Uirbeach agus Tuaithe de Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021, arna athrú. Clúdaítear tailte sa N6 GCRR atá beartaithe nach bhfuil criosaithe i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe nó in aon Phlean Ceantair Áitiúil. Ceistíodh cailteanas tailte cónaithe/talmhaíochta i neart aighneachtaí, is iad sin Ob_117, 134, 194, 195, 207, 209 agus 300, chun tógáil an N6 GCRR atá beartaithe a éascú. Luaitear go raibh sé beartaithe na tailte seo a chur ar leataobh chun tithíocht tuaithe a sholáthar do bhaill teaghlaigh a fhilleann ar an gceantar.

4.5.3 D'ainneoin cailteanas aon tailte mar sin chun freastal ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe, féadfar iarratais phleanála a dhéanamh fós le haghaidh forbartha (lena n-áirítear forbairt cónaithe) ar aon tailte eile, agus déanfar aon iarratas mar sin i leith forbairt cónaithe a mheas ag cur na gcritéar incháilithe i gcomhair tithíocht tuaithe, atá le fáil i gCuspóirí RHO1 (a-e), RHO2, RHO3 agus RHO4 de chuid Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe san áireamh. Anuas air sin, tá tailte a criosaíodh i gcomhair Cónaithe agus Lár an tSráidbhaile i bPlean Bhearna (Leagan Uimh. 2(a) de Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021) ina bhfuil tithíocht ceadaithe agus a bheadh mar rogha malartach ar thithíocht tuaithe.

(b) Ábhar inní maidir leis na teorainneacha ballaí cloch a bhainfear agus na fálta agus na cuailí adhmaid a chuirfear ina n-áit

4.5.4 Tá beartais, cuspóirí agus caighdeáin bainistíochta forbartha ina ndéantar tagairt do bhallaí cloch le fáil i gCaibidil 9, *Bainistiú Oidhreacht, Tírdhreacha agus Comhshaoil*, agus Caibidil 11, Caighdeáin Bainistíochta Forbartha Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021, arna athrú. Ceistíodh na ballaí cloch a chaillfear agus rinneadh agóidí i leith na bhfálta cuailí agus ráillí adhmaid a chuirfear ina n-áit i neart aighneachtaí, is iad sin Ob_103, 108, 111, 116, 117, 125, 134, 147, 194, 195, 197, 199, 201 agus 204. Tá na forálacha cuí le fáil i gCuspóir

NHB 11 - Crainn, Fearann Páirce/Coillearnach, Ballaí Cloch agus Fálta Sceach agus i gCaighdeán Bainistíochta Forbartha 41: Patrúin Pháirce, Ballaí Cloch, Crainn agus Fálta Sceach, de Phlean an Chontae.

- 4.5.5 Moltar go gcaomhnófar teorainneacha nádúrtha, lena n-áirítear ballaí cloch “nuair is féidir” faoi réir Chuspóir NHB 11. Aithnítear i gCaighdeán Bainistíochta Forbartha 41 an méid a chuireann patrúin pháirce agus na ballaí cloch a bhaineann leo, crainn agus fálta sceach le cáilíocht radhairc agus comhshaoil ceantar tuaithe agus sonraítear riachtanais na Comhairle i gcomhair forbartha nua faoi cheithre cheannteideal ann: (a) gnéithe reatha (b) idirghabháil, (c) plandú, agus (d) fálta sceach. Go ginearálta, ceadaítear an méid is lú idirghabhála agus is féidir ar phatrúin pháirce agus teorainneacha atá ann cheana féin agus déanfar gnéithe reatha a choinneáil sna leaganacha amach nua “nuair is indéanta”. Moltar crainn dúchasacha agus fálta sceach a phlandú ar gach ceann de na teorainneacha, agus cuirfear éadanas bóthair ar a bhfuil fál sceach agus fál cuaillí agus ráillí san áireamh nuair a bhaintear fál sceach de bhun (d). Cuirtear foireann uirlisí ar fáil don údarás pleanála leis na forálacha seo chun dul i ngleic le hiarratais ar bhealach comhsheasmhach mar a mheasann sé a bheith oiriúnach do na cúinsí cuí.
- 4.5.6 Cé go gcuirtear na forálacha seo i bhfeidhm ar bhonn cáis ar chás, cásanna a bhaineann le hiarratais ar thithíocht tuaithe den chuid is mó, tá an t-iarratas seo ar cheadú don fhorbairt bóthair atá beartaithe éagsúil ó na cásanna sin mar trasnaíonn an bóthar neart teorainneacha páirce. Baineann na hagóidí leis an gcuid thiar den fhorbairt bóthair atá beartaithe agus le limistéar idir Baile Nua agus Bóthar na Ceapaí. Is gné de cheantar tuaithe na Gaillimhe iad na ballaí cloch a mharcálann teorainneacha páirce agus tá ballaí mar sin le fáil sa limistéar seo. Is é seo an chuid is cúinge den fhorbairt bóthair atá beartaithe agus níl ann ach carrbhealach bóthair aonair sa dá threo. Mar sin féin, cuirfidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe isteach ar phatrúin pháirce reatha agus beidh gá le codanna de na ballaí cloch a bhaint lena tógáil. Téann Thomas Burns i ngleic leis an tsaincheist seo ar bhealach níos mionsonraithe ina ráiteas fianaise ar thórdhreach agus saincheisteanna amhairc.
- 4.5.7 I gcás tógáil an N6 GCRR, beidh an fál cuaillí agus ráillí adhmaid a sholáthrófar cosúil leis na teorainneacha a úsáideadh le haghaidh teorainneacha ar mhórtionscadail bóthair eile sa tír amhail an M17/M18 agus an M6. Beidh fál cuaillí agus ráillí adhmaid ag príomhlíne an N6 GCRR ach beidh gá na ballaí cloch a gcuirfear isteach orthu mar thoradh ar na codanna de thaobh-bhóithre leasaithe a chur ar ais. Meastar go bhfuil sé oiriúnach na ballaí cloch a bhaint thar príomhlíne N6 GCRR agus fál cuaillí agus ráillí adhmaid a chur ina n-áit mar ní raibh ballaí cloch ag an teorainn seo i dtús báire. Téitear i ngleic leis an tsaincheist seo ar bhealach níos mionsonraithe i ráiteas fianaise Eileen McCarthy.

(c) Beartais agus cuspóirí maidir le Bearna

- 4.5.8 Áitítear in aighneacht/agóid Ob_116 agus in aighneachtaí/agóidí eile (Ob_135, Ob_158, Ob_179, Ob_199, Ob_201) go sáraíonn an fhorbairt bóthair atá beartaithe na beartais agus na cuspóirí a bhaineann le Bearna. Luaitear go ndéanfar “*mórcheantar Bhearna a scoilt ina dhá chuid mar thoradh ar ghairneacht an bhealaigh atá beartaithe don sráidbhaile*”. Maítear freisin ann “*gur laghdaigh*

Comhairle Chontae na Gaillimhe an limistéar faoi leath, lena n-áirítear i bPlean Ceantair Áitiúil Bhearna (PCÁ) mar thoradh ar shuíomh an bhealaigh atá beartaithe i gceantar Bhearna”, agus go dtiocfadh athrú suntasach ar charachtar tuaithe Bhearna mar thoradh ar thógáil na forbartha bóthair beartaithe.

4.5.9 Leagtar amach an fhís straitéiseach le haghaidh Bhearna i gCuid 2.5.3.2 de Chaibidil 2 den TMTT, faoi Phlean Ceantair Áitiúil Bhearna 2007-2017 ina dtacaítear le bóthar nua a ghabhfadh thar an sráidbhaile,’ agus luaitear go mbeadh ‘...tionchar dearfach ag an mbealach seo ar Bhearna sa mhéid is go n-éascóidh sé rochtain éasca ar Bhearna agus ag an am céanna laghdódh sé an méid tráchta a bhíonn ag dul tríd an sráidbhaile’. Bheadh tionchar dearfach aige seo freisin ar lár an tsráidbhaile agus chabhródh sé timpeallacht atá níos báúla do rothaithe agus do choisithe a chruthú.

4.5.10 Cuireadh leasú i bhfeidhm ar Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021 in Iúil 2018, le Leagan Uimh. 2 (a) chun “Plean Bhearna” a chorprú ann. Leagtar an fhís seo a leanas amach d’fhorbairt inbhuanaithe Bhearna i gCuid 1.2 den Leagan.

“Tá fíis straitéiseach mar bhonn agus taca ag Plean Bhearna, fíis a ceapadh chun treoir a thabhairt d’fhás agus d’fhorbairt cheantar an phlean amach anseo agus é sin a dhéanamh ar bhealach inbhuanaithe. Féachtar san fhís sin leis na cuspóirí foriomlána a leagadh amach don sráidbhaile i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe a bhaint amach agus ar bhealach a léiríonn saintréith agus concláiste reatha an cheantair, a oidhreacht, an tírdhreach máguaird, an comhshaol agus a fheabhsaíonn caighdeán saoil mhuintir na háite agus an phobail áitiúil.”

4.5.11 Tá an sliocht seo a leanas ó bhreithiúnas Simons, J, sa chás idir Heather Hill Management Company CLG agus An Bord Pleanála [2019] tagraíonn IEHC 450 do stádas an phlean forbartha le haghaidh Bhearna.

“I gcás atá thar a bheith neamhghnách, glacadh leis an mbeartas pleanála le haghaidh Bhearna mar leasú ar Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe seachas plean ceantair áitiúil (‘PCÁ’) a dhéanamh as féin. Go bunúsach, is caibidil de Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe é an beartas pleanála le haghaidh Bhearna. Tá lán-fheidhm ag a fhorálacha mar a bhíonn ag forálacha de chuid phlean forbartha, seachas an stádas laghdaithe a bhíonn ag PCÁ. Tabharfaidh mé ‘Plean Bhearna’ ar an bplean seo le gur féidir tagairt a dhéanamh dó go héasca. Go deimhin, ní plean ar leith é i ndáiríre, ach is cuid de Phlean Foriomlán Forbartha an Chontae é.

4.5.12 Dá bhrí sin, is é Plean Bhearna an plean cuí agus tá lán-fheidhm ag a bheartais agus a chuspóirí mar a bheadh ag plean forbartha, agus iad sin níos tábhachtaí ná siúd a bhaineann le plean ceantair áitiúil. Tá Bhearna tar éis fás le himeacht na mblianta agus bhí forbairtí suntasacha cónaithe agus tráchtála a tógadh go luath sna 2000idí agus a d’athraigh nádúr an tsráidbhaile ó shráidbhaile tuaithe ar imeall Chathair na Gaillimhe go síneadh uirbeach ar an gcathair mar chuid den fhás sin. Seo a leanas an físráiteas straitéiseach: *“Bhearna a chur chun cinn mar shráidbhaile cósta inbhuanaithe agus bríomhar, a choinníonn a nádúr tarraingteach agus a*

bhaineann leas as na láidreachtaí inrochtaineachta atá aici faoi láthair agus a bheidh aici amach anseo, agus a chuireann timpeallacht thaitneamhach ar fáil ag an am céanna do phobal atá ag fás, le cónaí ann, i gcomhair siopadóireachta, don oideachas, do ghnó, d'áineas agus don turasóireacht, gach ceann acu ag freastal ar an ngá le hógairreachtaí timpeallachta an cheantair a chosaint agus a fheabhsú don am atá i láthair agus do na glúnta atá le teacht.” An rogha forbartha is fearr ná “Mionleasú agus Daingniú cheantar an phlean” bunaithe ar “bheartas an Rialtais maidir le limistéir uirbeacha fhoirgnithe a dhaingniú...seachas leathnú agus síneadh leanúnach ceantar uirbeach den chineál sin amuigh faoin tuath, chun an fhorbairt inbhuanaithe a bhaint amach” (Cuid 1.4 de Leagan Uimh. 2 (a)). An toradh a bhí air sin ná athshainiú ar an teorainn forbartha roimhe sin.

- 4.5.13 Tugtar aghaidh ar Iompar agus Gluaiseacht i gCuid 1.4.9 de Phlean Bhearna agus tá sprioc RT2 ann chun “*sráid nua sráidbhaile a chruthú le forbairt ilchinedlach ardchaighdeáin a chuirfeadh tuilleadh le beocht agus rath shráidbhaile Bhearna*” mar seo a leanas.

Cuspóir RT2 - Sráid Nua Sráidbhaile

Tacú leis an tSráid nua Sráidbhaile atá beartaithe (bóthar faoisimh laistigh) ó thuaidh den R336 atá ann cheana a chur i gcrích agus cosc a chur ar aon fhorbairt a mbeadh tionchar aici ar thógáil an bhealaigh cheadaithe amach anseo.

- 4.5.14 Léiríonn an anailís thuas go bhfuil na haighneachtaí/agóidí i gcoinne an N6 GCRB a bhaineann le Bearn gan bhunús. Déanann Plean Bhearna foráil maidir le forbairt inbhuanaithe Bhearna i gcomhréir leis an tsamhail dlúthfháis agus leis an mbeartas náisiúnta pleanála. Tá an fhorbairt bóthair atá beartaithe i bhfad amach ó teorainn forbartha Shráidbhaile Bhearna agus ní roinnfidh sí an lonnaíocht in dhá chuid mar a mhaítear. Is cuspóir tábhachtach iompair sa Phlean é an bóthar faoisimh laistigh atá leathchríochnaithe. Glacadh le Plean Bhearna i mí Iúil 2018 agus an cúrsa roghnaithe a bhí ag teacht chun cinn don N6 GCRB beartaithe mar chuid de Phlean an Chontae cheana féin, agus ullmhaíodh é agus aird chuí á tabhairt ar an gcúrsa roghnaithe sin.

(d) Níl ann do PCÁ taobh thoir de Chathair na Gaillimhe

- 4.5.15 Tá beartais agus cuspóirí i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021 le cinntiú go ndéanfaí pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe sa chontae le linn thréimhse an Phlean. Maítear i roinnt aighneachtaí/agóidí, Ob_677 agus Ob_678, nach bhfuil Plean Ceantair Áitiúil i bhfeidhm don limistéar in aice le limistéar riaracháin na cathrach in oirthear na cathrach, d'ainneoin shuíomh an limistéir. Níl cuspóirí criosaithe talamhúsáide i bhfeidhm i gceantar Bhaile an Teampaill, agus dá bhrí sin, tá an fhorbairt sa cheantar sin faoi réir ag beartais agus cuspóirí an Phlean Forbartha Contae 2015-2021.

(e) An fhéidearthacht go dtarlódh tuilte roimh thógáil an N6 GCRR agus ina dhiaidh

- 4.5.16 Tugadh faoi Mheasúnú mionsonraithe Riosca ar Thuilte ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe agus tá sé curtha isteach san iarratas seo ar Cheadú chun go ndéileálfaí leis ina iomláine. I gCaibidil 8, An tAthru Aeráide agus Tuilte, de Phlean an Chontae, tá cuspóirí a réitíonn le Ciorclán PL2/2014 agus le An Córas Pleanála agus Bainistíocht Riosca Tuilte (2009): Treoirlínte do na hÚdaráis Phleanála agus a dhéanann tagairt dóibh. Déanfaidh an t-údarás pleanála iarratais ar chead agus gach togra forbartha a dhéanfar sa chontae i ndiaidh thógáil na forbartha bóthair beartaithe a mheas i gcomhréir leis na Treoirlínte sin agus leis na beartais is infheidhme i bPlean an Chontae
- 4.5.17 I gcomhréir leis na Treoirlínte, glacann Comhairle Chontae na Gaillimhe cur chuige riosca bainistithe maidir le tuilte agus an cur chuige atá ann ná tuilte a sheachaint, a laghdú agus/nó a mhaolú de réir mar is cuí. Rinneadh measúnú straitéiseach riosca ar thuilte mar chuid de phróiseas phlean forbartha an chontae. Beidh gá le measúnú riosca ar thuilte i suíomhanna ar leith maidir le tograí forbartha i gcomhréir leis an maitrís sna Treoirlínte Pleanála a réitíonn leochaileacht na forbartha beartaithe leis an aicmiú creasa tuilte. Leagtar beartais agus cuspóirí bainistíochta riosca amach sa tábla i gCuid 8.7 den Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe.

(f) Sáraíonn an fhorbairt bóthair atá beartaithe pleananna agus beartais ag gach leibhéal

- 4.5.18 Is comhpháirt ollmhór de Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe é prionsabal na forbartha inbhuanaithe. Léirítear é i mbeartais agus i gcuspóirí an Phlean. Tugann Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021 (arna athrú), mar a shonraítear i gCuid 2.5.3.1 den TMTT, tús áite do chur i bhfeidhm Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe. Socraítear sa Phlean sin an fhís don chontae arb é *“caighdeán maireachtála mhuintir na Gaillimhe a fheabhsú agus an Contae a choimeád mar áit tharraingteach uathúil le maireachtáil ann, le bheith ag obair ann, le hinfheistiú ann agus le cuairt a thabhairt air, ag baint leasa as an bpoitéinseal atá ag buntáistí iomaíocha an Chontae ar bhealach inbhuanaithe agus a bhreathnaíonn amach don chomhshaol”*.
- 4.5.19 Chun an fhís sin a bhaint amach, tá roinnt spriocanna straitéiseacha i bPlean an Chontae, ceann amháin acu a bhaineann le tionscadail bhonneagair. Déanann Plean

an Chontae forbairt tionscadal bonneagair, a bheidh mar bhonn don fhorbairt inbhuanaithe, a éascú.

- 4.5.20 Leagtar amach i gCaibidil 2 de Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021 (arna athrú) príomhchuspóirí straitéiseacha forbartha an chontae. Tacaíonn Cuspóir DS1 Straitéis Forbartha le forbairt inbhuanaithe an chontae agus déanann sí í a éascú. Aithníonn an rogha forbartha roghnaithe de chuid Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe Ceantar Uirbeach na Gaillimhe a bhaineann leis (TRTI Samhain 2018), ina bhfuil an chathair agus roinnt toghrann in aice léi sa chontae a bhfuil naisc dhofhuascailte fheidhmiúla acu leis an gcathair. Réitíonn tógáil an N6 GCRR le straitéis forbartha Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe.
- 4.5.21 Luaitear i gCaibidil 5 de Phlean an Chontae go bhfuil soláthar ar bhonneagar iompair ardchaighdeáin laistigh de Chontae na Gaillimhe rithábhachtach d'fhorbairt shocheacnamaíoch an chontae agus chun féinleas sóisialta agus eacnamaíoch a chur chun cinn.
- 4.5.22 Déantar cur síos ar chomhtháthú SIG le Plean an Chontae i gCuid 2.5.3.1 de Chaibidil 2 den TMTT. Sonraítear i gCaibidil 5 de Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe go bhfuil Comhairle Chontae na Gaillimhe, i gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe, an NTA agus BIÉ, tiomanta d'fhís iompair inbhuanaithe a bhaint amach do Ghaillimh, fíis ina mbeidh gach gné den chóras iompair ag obair le chéile chun réiteach comhtháite iompair a bhaint amach. Cuirfear chun cinn é sin sa chathair agus sa cheantar máguaird le SIG a chur i bhfeidhm sa tréimhse go 2035.
- 4.5.23 Ar na beartais agus spriocanna straitéiseacha sa Phlean a thacaíonn leis an bhfís sin sa straitéis iompair, tá:
- *Polasaí TI 2 – Córas iompair lánpháirtithe agus inbhuanaithe a fhorbairt*
 - *Cuspóir TI 1 – Iompar Inbhuanaithe*
 - *Beartas TI 7 - An líonra bóithre náisiúnta a chosaint*
 - *Polasaí TI8 agus Cuspóir TI 15 – Ceanglais maidir le bonneagar iompair don gheata agus d'iarthar an chontae*
- 4.5.24 Tacaíonn na beartais agus na cuspóirí sin le soláthar SIG, ina bhfuil bearta a bhfuil sé mar aidhm acu aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna iompair ar fud na cathrach agus sa cheantar máguaird. Féachtar ar an N6 GCRR mar chuid den réiteach ar na fadhbanna iompair atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo.
- 4.5.25 Luaitear freisin i gCuid 5.1 de Phlean an Chontae “go bhfuil soláthar caoithiúil ar bhonneagar iompair ardchaighdeáin laistigh de Chontae na Gaillimhe rithábhachtach d'fhorbairt shocheacnamaíoch an Chontae agus chun féinleas sóisialta agus eacnamaíoch a chur chun cinn”. Meastar go bhfuil cuarbhealach nua riachtanach le haghaidh gréasán feabhsaithe inbhuanaithe iompair chun bém a leagan ar thacú le turais nach féidir freastal orthu le modhanna iompair níos inbhuanaithe, lena n-áirítear turais go dtí an chathair, trasna na cathrach agus trasna an chontae. Cuirfidh an acmhainn bhreise a chuirfeadh cuarbhealach ar fáil leis na

deiseanna maidir le spás bóthair a leithroinnt in athuair lena úsáid ag coisithe, busanna agus rothaithe. Is cuid lárnach de SIG é an N6 GCRR le cinntiú go mbainfear an leas is fearr as straitéis iomlán iompair do Ghailimh i dtaca leis an acmhainn riachtanach a chur ar fáil agus tacú le bearta iompair inbhuanaithe a chur i bhfeidhm.

4.5.26 Tacaíonn na rudaí seo a leanas leis an bhforbairt bóthair bheartaithe:

- Feidhmeoidh an N6 GCRR mar chuid den ghréasán TEN-T a chuimsíonn na príomhbhealaí iompair i ngach Ballstát de chuid an Aontais Eorpaigh do gach modh iompair. Tá an fhorbairt bóthair bheartaithe mar chuid den ghréasán cuimsitheach TEN-T in Éirinn agus tá sí faoi rialú ag rialacháin de chuid an AE a bhaineann le hainmniú den chineál sin, rud a fhágann gur bóthar ardchaighdeáin ar a mbeidh rochtain shrianta é an N6 GCRR. Cinntíonn sé sin go bhfeidhmeoidh an bóthar mar a bhí beartaithe.
- Tagann an N6 GCRR beartaithe leis na tosaíochtaí infheistíochta straitéisí i roinnt doiciméid beartais náisiúnta lena n-áirítear an Plean Forbartha Náisiúnta 2018-2027, an Creat Náisiúnta Pleanála-Éire 2040 – Ár bPlean agus An Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch (SRSE). Sa Chreat Náisiúnta Pleanála, aithnítear soláthar an N6 GCRR ina phríomháisitheoir ar an bhfás amach anseo do Ghailimh. Tacaíonn an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch le soláthar an N6 GCRR freisin, agus tá sí faoi réir Chuspóirí Beartais Réigiúnacha 3.6.7 agus 6.6.
- Cuirtear i láthair sa Phlean don Infheistíocht Bhonneagair agus Chaipitil 2012-2016: Creat Meántéarmach an Státchiste athbhreithniú a rinneadh ar fud an Rialtais ar bhonneagar, déantar measúnú ann ar an acmhainn atá ann cheana agus aithnítear na bearnaí atá fágtha i mbonneagar na hÉireann nach mór aghaidh a thabhairt orthu chun cabhrú leis an téarnamh eacnamaíoch, an comhtháthú sóisialta agus an inbhuanaitheacht chomhshaoil. Tá an fhorbairt bóthair bheartaithe comhsheasmhach le tosaíochtaí an doiciméid athbhreithnithe sin sa mhéid is go bhféachann sí chuig iarthar Chontae na Gaillimhe a nascadh leis an ngréasán bóithre náisiúnta agus é de chumas aici feabhas a chur ar shoghluaisteacht daoine agus earraí isteach agus amach as Gaillimh.
- Cuireann *Cur le Téarnamh: Infheistíocht Bhonneagair agus Chaipitil 2016-2021* i láthair creat nua an Rialtais maidir le hinfheistíocht i mbonneagar na hÉireann, creat a thugann tús áite do chaiteachas ar na réimsí is mó gá agus an geilleagar fós ag fás. Tá an N6 GCRR comhsheasmhach le Clár na mBóithre agus na scéimeanna a liostaítear i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe a bhfuil sé mar aidhm acu deireadh a chur le scoigeanna tráchta ag roinnt áiteanna a aithnítear sa tír, i nGaillimh san áireamh.

4.5.27 Aithnítear an fhorbairt bóthair bheartaithe agus comhlíonann sí an beartas pleanála ag gach leibhéal. Tá sí mar chuid de ghréasán TEN-T um iompar ar tír. Sa CNP, is ceann de phríomháisitheoir ar an bhfás amach anseo do Ghailimh í an fhorbairt bóthair bheartaithe. Cuirtear maoiniú ar fáil sa PFN don tionscadal bóthair, áit a

ndéantar é a aicmiú mar thosaíocht infheistíochta straitéisí a fheabhsóidh an inrochtaineacht réigiúnach sa Réigiún ar fad. Sa SRSE, aithnítear an fhorbairt bóthair bheartaithe seo mar Chuspóir Beartais Réigiúnach a bhfuil gá léi chun an talamhúsáid agus an t-iompar a ailíniú le freastal ar an bhfás suntasach ar an daonra agus ar an bhfostaíocht a bhfuiltear ag súil leis i gCeantar Uirbeach na Gaillimhe.

- 4.5.28 Tá an fhorbairt bóthair bheartaithe faoi réir beartas agus cuspóirí forbartha sna pleananna reachtúla forbartha do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus Comhairle Chontae na Gaillimhe. Tá conair na forbartha bóthair bheartaithe curtha ar leataobh ar an léarscáil criosaithe i bPlean an Chontae. Aithnítear sa dá phlean go bhfuil ról ríthábhachtach ag an bhforbairt bóthair bheartaithe agus í ina feabhas suntasach ar ghréasán bóithre na cathrach agus an chontae agus mar chuid de réiteach foriomlán iompair do Chathair na Gaillimhe agus na ceantair móorthimpeall uirthi. Cabhraíonn an fhorbairt bóthair bheartaithe, mar sin, le baint amach na físe straitéisí sna ceantair fheidhmiúla faoi seach don dá údarás pleanála agus tá sí i gcomhréir le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe na Gaillimhe.

4.6 Forbairt Inbhuanaithe

Ceisteanna

- 4.6.1 Tarraingíodh anuas na ceisteanna seo a leanas maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe:
- (a) Ní chomhlíonann an fhorbairt bóthair bheartaithe na cuspóirí náisiúnta agus réigiúnacha maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe. Ob_511.06; S_009; S_011 agus S_049
 - (b) Teastaíonn ceannach isteach bainistíochta ag leibhéal na Cathrach agus leibhéal an Chontae ó réitigh iompair inbhuanaithe: S_012
 - (c) Is gá infheistiú i modhanna iompair inbhuanaithe lena n-áirítear iompar poiblí, siúl, rothaíocht agus iarnród éadrom: S_009; S_049; Ob_511.06 agus S_069
 - (d) Cás “gnó mar is gnách” atá san fhorbairt bóthair bheartaithe a thógáil agus ní léiriú é ar na hathruithe is gá a dhéanamh chun an geilleagar a dhícharbónú agus chun an t-athrú aeráide a sheachaint: S_009
 - (e) Ní chuireann an fhorbairt bóthair bheartaithe iompar poiblí, rothaíocht, ná áiseanna siúil chun an N6/M6 agus an R446 ag na hArdáin a thrasnú ar fáil: S_009

Freagraí

(a) *Beartais náisiúnta agus réigiúnacha maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe a chomhlíonadh*

Beartais agus Cuspóirí Náisiúnta

- 4.6.2 Tagraítear do phrionsabal na forbartha inbhuanaithe i príomhfhórála an Achta um Pleanáil agus Forbairt, 2000. Ina theannta sin, is bunphrionsabal de dhlí comhshaoil an Aontais Eorpaigh í an fhorbairt inbhuanaithe agus, dá réir sin, bhíonn tionchar suntasach ag an bhforbairt inbhuanaithe ar chur i láthair beartas agus dlí comhshaoil in Éirinn. Is comaoin le háireamh sa phleanáil é an caidreamh idir an fhorbairt inbhuanaithe agus an “gá” atá le forbairt. Sa chomhthéacs seo, mar a léirítear i ndoiciméid an iarratais, tá an réasúnaíocht nó an gá atá leis an bhforbairt bóthair bheartaithe bunaithe go soiléir.
- 4.6.3 Tugtar aghaidh ar shaincheist na forbartha inbhuanaithe i ndoiciméid bheartais amhail an Straitéis Spáis Náisiúnta (SSN) 2002-2020 agus “Housing Ireland” (2004) agus “Delivering Homes, Sustaining Communities” (2007) de chuid an CNES. Ar na príomhchuspóirí a bhaineann leis an bhforbairt inbhuanaithe ag leibhéal an bheartais náisiúnta, faoin gCreat Náisiúnta Pleanála (Tionscadal Éireann 2040), tá:

CBN 3b

Leath (50%) na dtithe nua ar fad, ar a laghad, atá dírithe ar na cúig Chathair, Baile Átha Cliath, Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge, agus a gcuid bruachbhailte, a sheachadadh laistigh dá loirg reatha faoi fhoirgnimh.

CBN 52

*Beidh an córas pleanála freagrúil dár gcuid dúshlán comhshaoil náisiúnta agus déanfar cinnte leis go dtarlóidh forbairt laistigh de theorainneacha comhshaoil, agus aird á tabhairt ar cheanglais na reachtaíochta ábhartha go léir ar an gcomhshaol agus ar bhainistíocht **inbhuanaithe** ár gcaipitil nádúrtha.*

CBN 54

Ár lorg carbóin a laghdú trí ghníomh na haeráide a chomhtháthú sa chóras pleanála le tacú le spriocanna náisiúnta maidir le cuspóirí maolaithe agus oiriúnaithe beartais aeráide, chomh maith le spriocanna le haghaidh laghduithe astaíochtaí gás ceaptha teasa.

CBN 56

*Bainistíocht **inbhuanaithe** a dhéanamh ar ghiniúint dramhaíola, infheistiú i gcineálacha éagsúla cóireála dramhaíola agus tacú le prionsabail an gheilleagair chiorclaigh, agus tús áite á thabhairt do chosc, athúsáid, athchúrsáil agus aisghabháil, chun tacú le timpeallacht, geilleagar agus sochaí shláintiúil.*

CBN 63

Úsáid éifeachtach agus inbhuanaithe agus forbairt acmhainní uisce agus bonneagar seirbhísí uisce a chinntiú chun acmhainní uisce a bhainistiú agus a chaomhnú ar bhealach ina dtacaítear le sochaí shláintiúil, riachtanais forbartha eacnamaíche agus timpeallacht níos glaine.

- 4.6.4 Is iad an dlúthfhás agus inrochtaineacht fheabhsaithe réigiúnach dhá cheann de na deich dToradh Straitéiseacha sa Chreat Náisiúnta Pleanála. I measc na dtosaíochtaí infheistíochta straitéisí sa PFN, tá tithíocht agus forbairt uirbeach inbhuanaithe, an gréasán bóithre náisiúnta agus iompar poiblí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de chun tacú leis an CNP. Dá bhrí sin, tá an inbhuanaitheacht ag croílár an chreata pleanála agus infheistíochta chaipitil sna fiche bliain atá romhainn.
- 4.6.5 Tugann forbairt an N6 GCRR atá beartaithe aird ar na prionsabail maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe sa bheartas náisiúnta pleanála agus dearadh é chun freagra a thabhairt ar a dtugtar “saincheisteanna oidhreachtá ón bhfás le deireanas” sa CNP agus ar na “*dúshláin nach miste aghaidh a thabhairt orthu tá, an rogha tithíochta agus tithíocht inacmhainne, iompar/soghluaisteacht agus an caighdeán saoil uirbeach, lasmuigh de chroílímistéar na cathrach go háirithe*”. Aithnítear an N6 GCRR ina príomhchumasóir fáis do Chathair na Gaillimhe agus a bruachbhailte agus is cuid de fhreagairt stuama phleanála foriomlán ar na dúshláin a leagtar amach sa CNP é.

Beartais agus Cuspóirí Réigiúnacha

- 4.6.6 Leagtar amach i gCuid 2.4 den TMTT an beartas réigiúnach go dtí seo (2.4.1 Na Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí (TPRanna) le haghaidh Réigiún an Iarthair 2010-2022), agus an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch (SRSE) le haghaidh réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair. San áireamh leis an SRSE, tá Plean Straitéiseach Mhórcheantar na Gaillimhe, ar creat pleanála straitéisí é chun an fhís seo a leanas do Ghaillimh a bhaint amach.

An fhís atá ann do Ghaillimh ná go mbeidh sí i measc mórchathracha na hEorpa, agus clú agus cáil uirthi mar gheall ar cháilíocht an tsaoil inti, a stair, a cultúr agus a daoine. Tá sí, agus beidh sí, mar áit a ghlacann le teicneolaíochtaí nua-aimseartha, ardchaighdeán oideachais agus fiontair iomaíocha agus inbhuanaithe.

- 4.6.7 Ar an leibhéal réigiúnach, ar na príomhchuspóirí a bhaineann leis an bhforbairt inbhuanaithe sa SRSE, tá:

CBR 3.1 *Áiteanna uirbeacha ar scála réigiúnach a fhorbairt ar na modhanna a leanas:*

- a) *Na spriocanna daonra do Lárionaid Fáis Réigiúnacha agus Uirbeacha a bhaint amach le fás **dlúth***
- b) *Suíomhanna tréigthe agus tearcúsáide a fhorbairt, le béim ar dtús ar lár bailte*

CBR 3.2 a) 50% de na tithe nua cathrach ar fad, ar a laghad, a ndírítear orthu i bPlean Straitéiseach Mhórchéantar Uirbeach na Gaillimhe a sheachadadh laistigh de **lorg reatha faoi fhoirgnimh** Chathair na Gaillimhe agus a bruachbhailte

CBR 3.6.3 Tacaíonn an Tionól le Staidéar ar Airde Foirgneamh, straitéis chun an fhorbairt inbhuanaithe amach anseo a threorú...

CBR 6.6 I gcomhréir le gealltanais infheistíochta an Phlean Forbartha Náisiúnta chun na scéimeanna seo a leanas a thabhairt tríd an bpróiseas pleanála/dearaidh/tógála, cuirfear na tionscadail seo a leanas i gcrích ag leibhéal cúí seirbhíse sa gearrthearma, agus faoi 2027 i gcás ar bith, agus tabharfar aird ar an gcaighdeán sa CNP de mheánluas idiruibeach 90 KPH:

- Forbairt Bhóthair an A5
- N4 Cúil Mhuine go Béal Átha na gCarraigíní
- N5 Bealach an Doirín go Scramóg agus an Turlach go Cathair na Mart
- Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe
- N56 An Clochán Liath go dtí na Gleannta agus Tamhnach an tSalainn go hInbhear
- N59 Maigh Cuilinn go Seachbhóthar

CBR 6.14 Tacú le bonneagar um Thaisteal Níos Cliste a sholáthar

CBR 6.26 Athrú modha iompair a spreagadh ón bhfeithicil phríobháideach go dtí na modhanna inbhuanaithe iompair—siúl, rothaíocht agus iompar poiblí

CBR 6.30 Ba cheart go gcuirfidh an phleanáil ag an leibhéal áitiúil siúl, rothaíocht agus iompar poiblí chun cinn trí líon na ndaoine atá ina gcónaí laistigh d'fhad siúil agus rothaíochta dá lárionaid chomharsanachta nó dúiche, seirbhísí iompair phoiblí agus seirbhísí eile ag an leibhéal áitiúil, amhail scoileanna a uasmhéadú.

4.6.8 Bunaítear go daingean an tacaíocht don N6 GCRR i bPlean Straitéiseach Mhórchéantar Uirbeach na Gaillimhe sa SRSE ina bhfuil Cuspóir Beartais Réigiúnach (CBR) 3.6.7. a leanas

CBR 3.6.7 Tacaíonn an Tionól leis na tionscadail bhonneagair a thugtar thíos a chur i gcrích chun Plean Straitéiseach an Cheantair Uirbigh a fhorbairt:

- Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe (S)
- Straitéis Iompair na Gaillimhe (S/M/L)

4.6.9 Agus ar deireadh sa chomhthéacs seo, tá an físráiteas seo sa Phlean Eacnamaíoch agus Pobail Áitiúil (PEPÁ) do Chathair na Gaillimhe 2015-2021:

“Beidh Gaillimh ina réigiún rathúil cathrach ag a mbeidh éiceachóras cruthaitheach, ionchuimsitheach agus nuálach chun a forbairt inbhuanaithe a chinntiú sa todhchaí” (éiceachóras: gréasán casta nó córas idircheangailte)

4.6.10 Freagraíonn an N6 GCRR atá beartaithe don ghá atá le nascacht fheabhsaithe leis an réigiún agus laistigh den réigiún agus don ghá le costais iompair a laghdú trí na gréasáin bhóithre a fheabhsú, rud a chuirfidh le forbairt eacnamaíoch an réigiúin. Fágann sin go bhfuil an fhorbairt bóthair bheartaithe i gcomhréir leis an mbeartas náisiúnta agus réigiúnach maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe agus ceaptar í chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Ní mór an N6 GCRR a mheas laistigh den chomhthéacs pleanála sin agus ní thugtar tús áite dó thar shaincheisteanna réigiúnacha pleanála.

(b) Teastaíonn ceannach isteach bainistíochta ag leibhéal na Cathrach agus leibhéal an Chontae ó réitigh iompair inbhuanaithe

4.6.11 Leagtar amach i gCuid 2.5.2.1 de Chaibidil 2 den TMTT Príomhstraitéis Phlean na Cathrach, a dhíríonn ar phríomhshuíomhanna athnuachana a fhorbairt chun treisiú le “*ról lárnach lár na cathrach i gCathair na Gaillimhe agus Réigiún an Gheata*”. Tugtar le chéile sa CNP, a foilsíodh in 2018, uaillmhian na hathnuachana agus na spriocfhigiúirí daonra sa chuspóir (Cuspóir Beartais Náisiúnta 3c) go bhfreastalófaí ar 50% den fhás 45,000 duine a ndírítear air i gCathair na Gaillimhe agus sa cheantar máguaird laistigh den lorg reatha faoi fhoirgnimh.

4.6.12 Leagtar amach i bPlean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2017-2023 an fhís le haghaidh Chathair na Gaillimhe “a bheith mar lárionad réigiúnach rathúil, **inbhuanaithe**, iomaíoch a chruthaíonn rathúnas, a thacaíonn le hardchaighdeán saoil agus a choinníonn a haitheantas ar leith agus a thacaíonn le heispéireas cultúrtha saibhir.” Ar na spriocanna straitéiseacha, tá:

- **Uimh. 2:** Cur ar chumas na cathrach a ról mar Gheata Náisiúnta agus lárionad Réigiúnach a chomhlíonadh agus rannchuidiú leis an téarnamh eacnamaíoch trí dheiseanna eacnamaíocha cothrom agus **inbhuanaithe** a sholáthar i gcomhair fáis, nuálaíochta agus infheistíochta thar gach lárionad fostaíochta agus ligean do ról an Gheata láidreachtaí Réigiún an Iarthair a chothú agus forbairt eacnamaíoch an réigiúin iomláin a uasmhéadú
- **Uimh.4:** Prionsabal na **hinbhuanaitheachta** a chur i bhfeidhm go háirithe nuair a bhaineann sé le húsáidí talún, foirgneamh, uisce, fuinneamh, agus dramhaíola agus trí mhodhanna iompair **inbhuanaithe** agus comhtháthú iompair le húsáid talún a spreagadh

4.6.13 Díríonn an príomhstraitéis ar fhorbairt cónaithe nua agus fás tithíochta i gceantar na nArdán sa chathair, agus aithnítear ann ag an am céanna go “*bhfásfaidh ceantair eile chónaithe sa chathair, ach ag ráta níos srianta agus i gcomhréir le nádúr seanbhunaithe na forbartha*”. Ainmnítear ann an áit a mbeidh na lárionaid thábhachtacha tráchtála, mhiondíola agus ghníomhaíochta pobail áitiúil lonnaithe “*le comhordú le ról lárnach na cathrach*”. Éascaíonn an fhorbairt bóthair bheartaithe baint amach na Príomhstraitéise sin. I gcomhréir le spriocanna náisiúnta an CNP don daonra agus do phoist, agus dírithe ar an dlúthfhás uirbeach, aithnítear roinnt príomhláithreáin athfhorbraíochta lena n-athnuachan i bPlean na Cathrach. Téann an uaillmhian príomhstraitéise sin leis an CNP maidir leis na ceantair sin a aithint mar shuíomhanna ina bhforbróidh pobail nua.

4.6.14 Ar an leibhéal áitiúil, ar na príomhbheartais a bhaineann leis an bhforbairt inbhuanaithe i bPlean Forbartha Chathair na Gaillimhe, tá na beartais seo a leanas:

Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2017-2023

Cuid 2 Tithíocht agus Comharsanachtaí Inbhuanaithe

- Comharsanachtaí **inbhuanaithe** a chur chun cinn ina mbeidh áiseanna pobail agus seirbhísí oiriúnacha atá inrochtana go héasca (lch. 25)
- Bearta um oiriúnú don aeráid a chur chun cinn mar chuid de chomharsanachtaí **inbhuanaithe** a fhorbairt (lch. 25)
- Tacú le forbairt pobal inbhuanaithe agus cinntiú go ndéanfar gach forbairt nua tithíochta - idir phríobháideach, phoiblí agus deonach - i gcomhréir le Forbairtí Cónaithe **Inbhuanaithe** i gCeantair Uirbeacha (2008), treoirlínte de chuid an RCPRA, agus Cuid 28 de Threoirlínte ón Aire - Caighdeán Deartha d'Árasáin Nua: Treoirlínte do na hÚdaráis Phleanála (2015) (lch. 27)
- Is féidir le comharsanachtaí **inbhuanaithe** rannchuidiú le spiorad pobail a chothú, gluaiseachtaí tráchta a laghdú agus timpeallachtaí cónaithe ardchaighdeán a chur ar fáil. Is féidir leo rannchuidiú le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú freisin le níos lú éilimh ar iompar, gréasáin iompair inbhuanaithe a chur ar fáil...(lch. 28)
- Dlús cónaithe níos airde a spreagadh ag suíomhanna oiriúnacha, go háirithe gar do chonairí iompair phoiblí agus bealaí a aithnítear i Straitéis Iompair na Gaillimhe mar bhealaí inbhuanaithe do sheirbhísí **iompair phoiblí** ardmhnicíochta, (lch. 28)

Beartas maidir leis an Straitéis Iompair

- Tacú le comhtháthú na talamhúsáide agus an iompair agus é a éascú chun freastal ar leas eacnamaíoch foriomlán na cathrach agus gluaiseacht daoine agus earraí a chinntiú ar bhealach atá sábháilte agus a chuireann rochtain éasca ar fáil do chách, a fheabhsaíonn cáilíocht an tsaoil agus a íoslaghdaíonn an tionchar ar an gcomhshaol (lch. 41)
- Tacú le Straitéis Iompair na Gaillimhe (SIG) agus leis an gclár forfheidhmithe gaolmhar a chuirfidh líonra iompair phoiblí ar ardchaighdeán ar fáil, a chuirfidh modhanna iompair **inbhuanaithe** eile ar fáil agus a spreagadh a n-úsáid, agus a éascóidh gluaiseacht éifeachtúil feithiclí príobháideacha agus lastas (lch. 41)
- Tacú le tionscadal an **N6 GCRR** i gcomhar le Comhairle Chontae na Gaillimhe agus le Bonneagar Iompair Éireann d'fhonn réiteach iompair a fhorbairt chun dul i ngleic leis an tranglam reatha ar an líonra bóithre agus an droch-thionchar atá ag trácht feithiclí ar fheidhmiú agus ar eispéireas lár na cathrach a laghdú agus gluaiseachtaí straitéiseacha a éascú i dtreo na cathrach, trasna na cathrach, trasna an chontae agus soir-siar (lch. 41)

- Tacú leis an laghdú in astaíochtaí gás ceaptha teasa trí úsáid talún agus iompar **inbhuanaithe** a chur chun cinn (lch. 41)
- Leanúint ag cur réiteach iompair inbhuanaithe chun cinn don chathair trí bhearta atá áirithe in SIG agus tionscadail riachtanacha tacaíochta go háirithe tionscadal an N6 GCRR a chur i bhfeidhm (lch. 43)
- Tacú le tograí SIG maidir le cur i bhfeidhm gréasáin áitiúil bus (lch (47) ... agus maidir le príomhghréasán agus gréasán tánaisteach bus...(lch. 50)
- An nascacht agus an tréscailteacht uasta do choisithe agus do rothaithe a chur chun cinn, a éascú agus a choimeád...(lch. 50)

4.6.15 Ar an mbealach céanna, tagraíonn Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021 do na prionsabail maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe agus sonraítear ann gur *“comhpháirt ollmhór de Phlean Forbartha an Chontae é prionsabal na forbartha inbhuanaithe atá léirithe i mbeartais agus i gcuaspóirí an Phlean. Tacaíonn SIG leis an bPríomhstraitéis i bPlean Forbartha an Chontae agus faigheann sí treoir uaithe.”* Tacaíonn agus réitíonn Príomhstraitéis Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe leis an bhforbairt bóthair bheartaithe. Tugtar aghaidh air sin i gCuid 2.5.3.1 den TMTT (lgh 64, 65 agus 66 Ar na príomhfhórála i bPlean an Chontae a bhaineann leis an bhforbairt inbhuanaithe, tá:

Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021

- Is é cuspoir uileghabhálach Chomhairle Chontae na Gaillimhe go dtacófaí le forbairt inbhuanaithe Chontae na Gaillimhe, agus go n-éascófaí í, i gcomhréir leis an straitéis roghnaithe forbartha (lch. 22)
- Leanúint de Cheantar Staidéar Iompair agus Pleanála na Gaillimhe a shainiú, crios comaitéireachta Chathair an Gaillimhe, a dteastaíonn bainistíocht chúramach fáis uaidh agus beartais láidre chun an fás sin a mhúnlú agus tionchar a imirt air ar bhealach inbhuanaithe, a aithint (lch. 22)
- Pleanáil talamhúsáide agus pleanáil iompair inbhuanaithe a chomhtháthú, comhdhlúthú na forbartha a chur chun cinn, patrún taistil inbhuanaithe a spreagadh tríd an ngá le taisteal, ar iompar príobháideach go háirithe, a laghdú, agus tosaíocht a thabhairt don siúl, don rothaíocht agus d’iompar poiblí (lch. 22)
- Is é an beartas náisiúnta ó bhí 2009 ann go mbogfadh Éire i dtreo iompar inbhuanaithe chun an brú tráchta agus astaíochtaí iompair a laghdú, tacú leis an iomaíochas eacnamaíoch agus cáilíocht an tsaoil a fheabhsú do chách. Cuireann an beartas sin béim ar an ngá leis an talamhúsáid agus an t-iompar a ailíniú, rud a chuireann béim ar phatrúin inbhuanaithe taistil agus léirítear sin ag an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach le beartais phleanála spásúlachta agus iompair (Cuid 5.1)

- *Polasaí TI 2 – Córas iompair lánpháirtithe agus inbhuanaithe a fhorbairt*
- *Beartas TI 7 - An líonra bóithre náisiúnta a chosaint*
- *Polasaí TI8 agus Cuspóir TI 15 – Ceanglais maidir le bonneagar iompair don gheata agus d'iarthar an chontae*
- Cuspóir TI 1 – iompar **inbhuanaithe**

4.6.16 Léiríonn an anailís sin go réitíonn an fhorbairt bóthair bheartaithe leis na beartais agus na forálacha ábhartha uile a bhaineann leis an bhforbairt náisiúnta ag an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Tá coincheap na forbartha inbhuanaithe ag croílár na físe sa tsraith seo de na doiciméid phleanála agus tá sí lárnach do cheapadh beartas agus cuspóirí chun an fhís sin a bhaint amach. Cuireann gach céim den ordlathas pleanála tacaíocht ar fáil don N6 GCRR atá beartaithe, tionscadal atá ríthábhachtach do leathnú na Gaillimhe amach anseo i gcomhréir le prionsabail na pleanála cuí agus na forbartha inbhuanaithe de bhun an Phríomhachta.

(c) Is gá infheistiú i modhanna iompair inbhuanaithe lena n-áirítear iompar poiblí, siúl, rothaíocht agus iarnród éadrom

Roghanna inbhuanaithe iompair a chomhlíonadh

4.6.17 Áitítear in aighneacht S-049 agus in aighneachtaí eile go bhfuil an fhorbairt bheartaithe “ina sárú tromchúiseach ar phleananna agus beartais a glacadh leo”, pleananna forbartha na cathrach agus an chontae san áireamh, ina “bpléitear foirmeacha níos inbhuanaithe iompair a fhorbairt”. Is creat beartais é “Taisteal Níos Cliste – Todhchaí an Iompair Inbhuanaithe” a cheadaigh an Rialtas in 2009 ina leagtar amach conas is féidir an fhís maidir le córas taistil agus iompair inbhuanaithe a bhaint amach. I gCaibidil 3 de Thaisteal Níos Cliste, Fís an Rialtais agus spriocanna ardleibhéil, aithníonn an beartas go bhfuil “iompar ríthábhachtach dár ngeilleagar. Mar náisiún oileánda, teastaíonn dea-cheangail iompair lenár gcomhpháirtithe trádála; ní mór dúinn gluaiseacht éifeachtach a chinntiú ar an oileán freisin. Príomhghné de chaighdeán maith saoil é taisteal sábháilte agus compordach chomh maith. Níl sé i gceist againn anseo srian a chur ar thaisteal ná ar iompar ach bealaí níos ciallmhaire a aimsiú chun freastal ar na riachtanais seo”. Tá na prionsabail maidir le Taisteal Níos Cliste mar bhonn taca faoi Straitéis Iompair na Gaillimhe, a aithníonn an cuarbhóthar beartaithe mar thionscadal fíorthábhachtach dá cur i bhfeidhm.

4.6.18 Aithníodh in SIG an gá atá le réiteach comhtháite inbhuanaithe iompair a fhorbairt chun freastal ar an éileamh ar iompar atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo, rud a éascóidh fás breise inbhuanaithe Chathair na Gaillimhe agus a réitíonn go hiomlán leis an gcreat beartais maidir le Taisteal Níos Cliste lena linn sin. Sonraítear freisin in SIG “cé gur ceann de phríomhdhúshláin na straitéise seo é roghanna malartacha taistil ar an gcarr príobháideach atá inbhuanaithe agus iontaofa a chur ar fáil, beidh an-tábhacht ag baint le bainistiú an ghréasáin bóithre fós.” Déantar an cur síos a leanas ar an bhforbairt bóthair bheartaithe i gcuid 3.3 de SIG:

Aithnítear nach mbíonn sé áisiúil i gcónaí turais trasna na cathrach a dhéanamh gan taisteal i gcarr, amhail ar rothar nó ar iompar poiblí (mar shampla, an chuid is mó de ‘thréthurais’ ar bhóithre Náisiúnta nó Réigiúnacha trasna na cathrach, turais a thosaíonn nó a chríochnaíonn lasmuigh den chathair i gceantair thuaithe, turais go déanach sa oíche, etc.) Dá bhrí sin, meastar gur gá bealach acmhainneach/iontaofa traschathrach a chur ar fáil don taisteal ar bóthar. Meastar gur cuid thábhachtach den acmhainneacht sin a chur ar fáil é cuarbhealach (a aithnítear mar chuid de thionscadal Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe). Cuirfidh soláthar cuaracmhainne breise tráchta leis na deiseanna maidir leis an spás reatha bóithre a ath-leithroinnt lena úsáid ag coisithe, busanna agus rothaithe, ar príomhchuspóir bainistíochta tráchta de chuid na straitéise seo é.

- 4.6.19 Cuirtear béim ar iompar inbhuanaithe agus comhtháthú na pleanála talamhúsáide agus iompair sa sliocht seo a leanas ón SRSE do Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair a mholann Straitéis Iompair na Gaillimhe mar shampla dea-chleachtais den phleanáil éifeachtach iompair, spásúlachta agus eacnamaíoch (lch 172 SRSE).

TAISTEAL INBHUANAITHE

Cuireann comhtháthú dlúth na pleanála iompair, spásúlachta agus eacnamaíoch an deis ar fáil roghanna feabhsaithe iompair inbhuanaithe a sholáthar do dhaoine agus an spleáchas ar an gcarr príobháideach a laghdú. Áirítear leis sin siúl, rotháíocht, iompar poiblí, agus roinnt carranna a chur chun cinn, d’fhonn an taisteal a laghdú trí úsáid a bhaint as an teicneolaíocht nó as turais nasctha. Féadfaidh buntáistí suntasacha a bheith ann do dhaoine aonair, d’ionaid oibre agus d’ionaid oideachais leis an taisteal inbhuanaithe, ó thaobh na sláinte agus na folláine agus na costais agus an t-am a bhaineann le taisteal. Féadfaidh sé brú tráchta agus astaíochtaí a laghdú agus leas a bhaint as infheistíocht in iompar inbhuanaithe.

Sampla dea-chleachtais de chás ina bhfuil comhtháthú na pleanála iompair, spásúlachta agus eacnamaíoch le baint amach is ea Straitéis Iompair na Gaillimhe (SIG). Ba cheart SIG a úsáid mar theimpléad in áiteanna eile...

- 4.6.20 Réitíonn an N6 GCRR le príomhspríocanna Thaisteal Níos Cliste maidir le beartas úsáide talún agus iompair a ailíniú, agus maidir lena chuspóir go gcuirfí roghanna eile taistil atá inmharthana agus tarraingteach ar fáil in ionad an chairr phríobháidigh i nGaillimh. Meastar go méadóidh tógáil an N6 GCRR, a éascóidh cur i bhfeidhm iomlán SIG, an t-aistriú modha go hiompar poiblí.
- 4.6.21 Leagtar amach i gCuid 2.3.2 de Chaibidil 2, Pleanáil agus Beartas, den TMTT an chaoi a dtagann an fhorbairt bóthair bheartaithe leis na beartais iompair inbhuanaithe ag an leibhéal náisiúnta agus ag an leibhéal áitiúil. Tugtar faoi deara sa chuid sin go bhfuil SIG agus an N6 GCRR araon curtha san áireamh sna Pleananna Forbartha ábhartha agus gurb iad an straitéis reachtúil iompair a bhfuil glacadh léi sa dá dhlínse.

4.6.22 Tugtar cuntas i gCaibidil 3 de *Taisteal Níos Cliste – Todhchaí an Iompair Inbhuanaithe* ar cúig phríomhspríoc lena gcruthaítear bunús an Bheartais mar seo a leanas:

- *Cáilíocht saoil agus inrochtaineacht ar iompar do chách agus, go háirithe, do dhaoine a bhfuil soghluaisteacht laghdaithe acu agus iad sin a d'fhéadfadh a bheith scoite amach mar gheall ar easpa iompair a fheabhsú*
- *Tiocfaidh feabhas ar iomaíochas eacnamaíoch trí éifeachtúlacht an chórais iompair a uasmhéadú agus trí thranglam agus scrogall bonneagair a mhaolú*
- *Tionchar diúltach an iompair ar an timpeallacht áitiúil agus domhanda a íoslaghdú trí thruailleáin aeir agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú go háitiúil*
- *An t-éileamh taistil foriomlán agus an t-achar comaitéireachta a thaistealaítear sa charr príobháideach a laghdú*
- *Slándáil an tsoláthair fuinnimh a fheabhsú trí spleáchas ar bhreoslaí iontaise iompórtáilte a laghdú*

4.6.23 Tá siad seo a leanas i measc na bpríomhghníomhartha atá leagtha amach in *Taisteal Níos Cliste – Todhchaí an Iompair Inbhuanaithe* chun an fhís sin a bhaint amach:

- *Gníomhartha chun an t-achar a thaistealaítear sa charr príobháideach a laghdú agus taisteal níos cliste a spreagadh, lena n-áirítear fás an daonra a dhíriú ar cheantair fostaíochta agus daoine a spreagadh cur fúthu gar d'áiteanna ina bhfuil fostaíocht agus meicníochtaí praghsála nó bearta fíoscacha a úsáid chun athrú ar iompar a spreagadh*
- *Gníomhartha atá dírithe ar a chinntiú go mbeidh modhanna eile in ionad carranna ar fáil go forleathan, go príomha trí sheirbhís iompair phoiblí a bhfuil feabhas thar cuimse curtha uirthi agus trí infheistíocht i rothaíocht agus i siúl*

4.6.24 Ach a mbainfear amach na spríocanna atá leagtha amach i mbeartais *Taisteal Níos Cliste*, beidh Cathair na Gaillimhe níos tarraingtí, níos bríomhaire agus níos eacnamaí, agus bainfear buntáistí sláinte agus comhshaoil gaolmhara amach. Tá an N6 GCRR atá beartaithe ar aon líne leis na beartais sin ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil. Tugtar faoi deara ar leathanach 36 de *Thaisteal Níos Cliste – Todhchaí an Iompair Inbhuanaithe* go bhfuil “gluaiseacht éifeachtúil earraí riachtanach dár n-iomaíochas agus dár leas eacnamaíoch” agus mórán na n-earraí á n-iompar ar bóthar i láthair na huair. Aithnítear ar leathanach 51 freisin go gcuirfear deireadh le scoigeanna tráchta le hinfheistíocht agus go maolófar an brú i mbailte agus i sráidbhailte. Dá bhrí sin, féachtar leis na gníomhartha atá leagtha amach in *Taisteal Níos Cliste* le hinfheidhmeanna an líonra bóithre a chothromú agus na príomhspríocanna foriomlána a bhaint amach ag an am céanna.

4.6.25 Tá Tábla 2 in Aguisín B faoi iamh ina macasamhail de Thábla 2.1 i gCaibidil 2 den TMTT agus leagtar amach ann an Measúnú Comhlíontachta ar Ghníomhartha in *Taisteal Níos Cliste* a bhaineann leis an bhforbairt bóthair bheartaithe. Léirítear i

dTábla 2 an chaoi a dtagann an N6 GCRR le príomhspríocanna agus gníomhartha *Taisteal Níos Cliste*.

- 4.6.26 Mar a luaitear i gCuid 2.3.2 de Chaibidil 2 den TMTT (lgh. 41 agus 42), d'fhorbair Comhairle Cathrach agus Chontae na Gaillimhe Plean Gníomhaíochta Limistéar Taisteal Níos Cliste Chathair na Gaillimhe 2010-2015 agus *Straitéis Siúil agus Rothaíochta Chathair na Gaillimhe agus an Cheantair Máguaird (2010)* mar fhreagairt ar bheartas Taisteal Níos Cliste, go háirithe an chéad phríomhspríoc, arb é cáilíocht an tsaoil agus an rochtain ar iompar a fheabhsú do chách.
- 4.6.27 Leag Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Comhairle Chontae na Gaillimhe araon amach an chaoi a bhfuil Gaillimh agus a chúlchríocha le forbairt mar limistéar iompair inbhuanaithe le linn thréimhse 20 bliain na straitéise iompair. Rinne SIG athbhreithniú ar an dá phlean forbartha in éineacht le gach doiciméad beartais eile a bhí ullmhaithe ag Comhairle Cathrach agus Comhairle Chontae na Gaillimhe chun beartais iompair inbhuanaithe a chur chun cinn. Tugtar liosta iomlán de na doiciméid reachtúla agus na treoirlínte is infheidhme a dhéanann foráil don chomhthéacs pleanála agus beartais do SIG i gCuid 2.5 ar leathanach 20 de SIG. Anuas ar an N6 GCRR, tá obair ar siúl faoi láthair ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus ag an Údarás Náisiúnta Iompair ar thionscadail eile a aithnítear in SIG a thacaíonn le hiompar poiblí, le siúl agus leis an rothaíocht sa chathair: is iad sin na glasbhealaí idir lár na cathrach agus Bearna agus Uachtar Ard agus BusConnects na Gaillimhe agus an Nasc Traschathrach.
- 4.6.28 Tá infheistíocht shuntasach airgeadais beartaithe sa bhonneagar riachtanach iompair chun freastal ar fhorbairt inbhuanaithe na Gaillimhe amach anseo. Is mórtionscadal í an fhorbairt bóthair atá beartaithe a bhfuil caiteachas suntasach ag baint léi faoin PFN agus tá sí ríthábhachtach do chur i bhfeidhm iomlán na straitéise iompair in SIG.

(d) Cás “gnó mar is gnách” atá sa GCRR a thógáil agus ní léiriú é ar na hathruithe is gá a dhéanamh chun an gilleagar a dhícharbónú agus chun an t-athrú aeráide a sheachaint

An tAthrú Aeráide

- 4.6.29 Tá breithmheas den fhorbairt bhóthair bheartaithe faoin gceannteideal Aeráid áirithe i gCaibidil 16 den TMTT. Ina ráiteas fianaise, pléifidh Sinead Whyte Astaíochtaí Carbóin agus an tAthrú Aeráide go sonrath.
- 4.6.30 Tá a Phlean Gnímh don Aeráid 2019 díreach foilsithe ag an Rialtas. Leagtar na forálacha a bhaineann le hiompar sa Phlean Gnímh don Aeráid 2019 amach i gCuid 3.2 thuas. Inter alia, sonraítear an méid seo a leanas sa Phlean sin:

“Tá Éire ar tí dul timpeall aon ochtú thar an sprioc a leagadh síos le haghaidh athnuaitéan don tréimhse 2013-2020, agus beagán faoi 5% thar an sprioc d’astaíochtaí carnacha. Mar sin féin, is mór an t-údar imní, i ngeall ar an bhfás ar astaíochtaí le déanaí ón Tionsclaíocht, ón Talmhaíocht agus ón Iompar, go mbeimid ar chonair a fhágfaidh muid 25% thar an gcuispóir don chéad tréimhse eile comhairimh, 2021-2030. Sna hearnálacha sin ina bhfuil ceangal docht ar Éirinn, mar atá, gníomhaíochtaí lasmuigh den Chóras Trádála Astaíochtaí (ETS),

is gá bearna charnach 101 MtCO₂eq. d’astaíochtaí a dhúnadh le linn na tréimhse go 2030.”

“Leagann Tionscadal Éireann 2040 amach na hinfheistíochtaí le riar ar fhás daonra ar bhealach comhtháite cónasctha inbhuanaithe. Cuirfidh sé bonneagar tábhachtach ar fáil agus cuirfidh sé le dúnadh na bearna sin de 16.4 MtCO₂eq.”

“Tacóidh Éire leis an uaillmhian atá ag teacht chun cinn san AE go mbeidh sprioc ann bheith neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2050.”

“Léiríonn an Plean seo freisin tiomantas na hÉireann i dtaca leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFI) a bhaint amach. Chomhaontaigh na NA an 17 SFI in 2015 le tabhairt faoi na dúshláin chomhshaoil, geilleagair agus sochaí atá roimh an domhan a fhad leis an mbliain 2030, lena chinntiú go mbeidh todhchaí inbhuanaithe ann. Iarrann SFI 13 ar thíortha gníomhú go práinneach le cur in éadan an athraithe aeráide agus na tionchair atá leis, trí ghealltanais a chur i bhfeidhm a rinneadh don Chreat-Choinbhinsiún ar Athrú Aeráide, chomh maith le feasacht an phobail a ardú faoin ngá le gníomhú ar son na haeráide. Is cuid an-tábhachtach de SFI 13 an t-iarratas ann ar thíortha beartais nua éifeachtacha Gníomhaithe ar son na hAeráide a imeascadh i ngach beartas náisiúnta. Is chuige sin is ann don Phlean Gnímh uile-Rialtais don Aeráid seo, agus cuireann sé Éire ar thosach na náisiún maidir le hiarrachtaí SFI 13 a bhaint amach.”

4.6.31 Dearbhaíonn na sleachta sin nach bhfuil aon dul amú ar an Rialtas maidir le méid an chúraim atá roimh Éirinn chun dul i ngleic leis an athrú aeráide, agus maidir lena dhiongbháilteacht agus a thiomantas dá oibleagáidí maidir le todhchaí inbhuanaithe a chomhlíonadh.

4.6.32 Sonraítear sa Phlean Gnímh don Aeráid 2019 go *“dtacóidh Éire leis an uaillmhian atá ag teacht chun cinn san AE go mbeidh sprioc ann a bheith neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2050...”*. Déanann an Plean Gnímh don Aeráid tagairt don Chreat Náisiúnta Pleanála ina bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh méadú 1,000,000 ar an daonra agus an fás sin fothaithe i spásfhorbairt dhlúth, nasctha agus inbhuanaithe agus fás a bheidh cothrom go réigiúnach. Aithnítear sa Phlean an dúshlán atá roimh an earnáil iompair a bhaineann leis an bhfás réamh-mheasta ar an daonra agus ar phoist atá in Tionscadal Éireann 2040 mar is léir sa sliocht seo a leanas ó Chuid 10.1.

Faoi 2040, táthar ag tuar go mbeidh fás de bhreis agus 1 mhilliún tar éis teacht ar dhaonra na hÉireann go dtí 5.7 milliún. I ngeall ar an bhfás seo, chomh maith le réamh-mheastacháin eile fáis sa Chreat Náisiúnta Pleanála (CNP) maidir leis an ngeilleagar agus rátaí fostaíochta, beidh éileamh níos mó ar éagsúlacht de mhodhanna iompair, agus níos mó earraí agus daoine ag gluaiseacht. Cé gur comhartha é seo de gheilleagar beo bríomhar, cuireann sé dlús lenár ndúshlán carbóin, go háirithe nuair a mheabhraítear gurb é an t-iompar ba chúis le 19.8% d’astaíochtaí gás ceaptha teasa na hÉireann in 2017.

...Cé go dtiomáinfidh Tionscadal Éireann 2040 forbairt níos cónasctha agus níos dlúithe, agus go mbeidh gréasáin nua iompair phoiblí ann, ní chuirfidh sin leis féin cúl ar fhás na n-astaíochtaí a réamh-mheastar a fhásfaidh de 25%.

- 4.6.33 Cuirtear béim ar bhearta fioscacha a chuirfidh leictriú gach cineál iompair chun cinn sa Phlean Gnímh don Aeráid toisc go dtairgeann na bearta sin an deis laghdaithe is cost-éifeachtúil san earnáil. Molann an Rialtas go laghdófaí déine iompair an fháis sa todhchaí tríd an tsamhail fáis dhlúithe sa Chreat Náisiúnta Pleanála agus go leathnófaí roghanna siúlóide, rothaíochta agus iompair phoiblí chun an t-athrú ar chóir iompair a chur chun cinn. Seo a leanas bearta eile chun déine carbóin an taistil a laghdú, inter alia:
- a chinntiú go mbeidh an líonra luchtaithe do charranna leictreacha mar bhonn taca ag muinín an phobail
 - dlús a chur faoi chéimeanna chun an flít iompair phoiblí a dhícharbónú
 - an tosaíocht d'iompar poiblí a fheabhsú
 - straitéis a fhorbairt le haghaidh earnáil na n-earraí troma
- 4.6.34 Leagtar amach i gCuid 10.3 den Phlean na bearta chun na spriocanna dícharbónaithe do 2030 a bhaint amach, lena n-áirítear na beartais agus na gníomhartha seo a leanas chun tacú le torthaí níos uaimhianaí a bhaint amach maidir le 'aistriú modhanna'. Tá gníomhartha uimh. 85 go 100 sa Phlean Gnímh don Aeráid ceaptha leis an aistriú modhanna agus an eacnamaíocht chomhroinnt san Iompar a chumasú, agus áirítear orthu na bearta seo a leanas i dTábla 3 in Aguisín C.
- 4.6.35 Luaitear feabhsuithe ar iompar poiblí agus leathnú bonneagar nua rothaíochta i roinnt de na gníomhartha sonracha san earnáil iompair. Cuimsítear i Straitéis Iompair na Gaillimhe tograí iompair phoiblí agus rothaíochta, tograí atá comhsheasmhach leis na gníomhartha sin agus a chabhróidh le spriocanna dícharbónaithe an Phlean a bhaint amach, i gcomhar leis an aistriú go feithiclí leictreacha. Éilíonn cur chuige an iompair inbhuanaithe in SIG cur i bhfeidhm an N6 GCRR chun brú tráchta i lár na cathrach a laghdú agus chun freastal ar ath-leithroinnt an spáis bóithre sa chathair ar iompar poiblí, rothaíocht agus siúl. Tá an fhorbairt bóthair bheartaithe riachtanach chun an straitéis iompair do Ghailimh a chur i bhfeidhm, as a dtagann sé go bhfuil an N6 GCRR comhsheasmhach le gníomhartha na hearnála iompair sa Phlean Gnímh don Aeráid. Freastalóidh an fhorbairt bóthair bheartaithe freisin ar tuilleadh dlúthfháis agus níos mó forbairt inbhuanaithe i gCathair na Gaillimhe, rud lena laghdófaí déine iompair an fháis sa todhchaí i gcomhréir leis an straitéis don earnáil iompair i gCaibidil 10 den Phlean Gnímh don Aeráid 2019.
- 4.6.36 Laghdaíonn an N6 GCRR atá beartaithe an brú tráchta sa chathair agus na hastaíochtaí a bhaineann leis an mbrú sin agus éascaíonn sé cur i bhfeidhm iomlán na mbeart a leagtar amach i Straitéis Iompair na Gaillimhe as a dtagann sé go réitíonn an bóthar le prionsabail an Achta um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin, 2015, fiú agus trácht mhéadaithe a ghintear de bharr an bhóthair beartaithe féin á cheadú.

(e) Iompar poiblí, rotháíocht agus áiseanna siúil chun an N6/M6 & an R446 ag na hArdáin a thrasnú

- 4.6.37 I measc na gcuspóirí in PCÁ na nArdán 2018-2024, an plean reatha reachtúil don limistéar, tá soláthar droichid do choisithe/rothaithe trasna an N6/M6 agus bealaí féideartha iompair phoiblí laistigh de gach ceann den dá chuid de na hArdáin, ceann amháin acu ar gach taobh den N6/M6. Déantar foráil i gCreatphlean Dearaidh Uirbigh na nArdán freisin maidir le nasc do choisithe trasna an R446 ón taobh theas de na hArdáin (lena dtagraíonn Fíoracha 20 agus 21 den PCÁ). Cinnteoidh na forálacha sin de chuid an PCÁ nascacht iomlán laistigh de na hArdáin agus leis an gcathair í féin de réir mar a théann forbairt na nArdán ar aghaidh. Tugtar aghaidh air sin freisin in ailt 4.4.19 go 4.4.15 thuas freisin.

4.7 Mionathrú Beartaithe ar Bhóthar Ceangail na Páirce Móire

- 4.7.1 De réir Ráiteas Fianaise Eileen McCarthy, moltar go ndéanfar mionathrú ar an gcuid theas de Bhóthar Ceangail na Páirce Móire.
- 4.7.2 San ailíniú bunaidh, mar a mholtar i ndoiciméid an iarratais, téann Bóthar Ceangail na Páirce Móire trí Pháirc Ghnó Bhaile an Bhriotaigh agus nascann sé leis an N6/Bóthar na dTreabh ag Acomhal na Mairéasach.
- 4.7.3 Téann an t-ailíniú mionathraithe, atá á mholadh ag Comhairle Chontae na Gaillimhe anois lena cheadú ag an mBord, ar feadh thaobh thoir áis Boston Scientific taobh thiar de Ráschúrsa na Gaillimhe. Nascann an t-ailíniú mionathraithe leis an acomhal soilsithe atá beartaithe ag acomhal Pháirc Ghnó Oirthear na Cathrach ag an N6/Bóthar na dTreabh. Freastalaíonn an t-ailíniú mionathraithe ar an mbealach bus agus ar an bpríomhghríasán rotháíochta a moladh san ailíniú bunaidh.
- 4.7.4 Is fóinteach scrúdú a dhéanamh ar an ailíniú bunaidh agus ar an ailíniú mionathraithe a mholtar anois ag féachaint do na forálacha is infheidhme i bPlean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2017-2023, is iad sin: (1) Fís/Spriocanna Straitéiseacha/Príomhstraitéis/Straitéis; (2) Beartais; agus (3) Cuspóirí Ar mhaithe le héascaíocht tagartha, léirítear comhlíonadh forálacha Phlean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2017-2023 ag an bhforbairt bhunaidh agus ag an bhforbairt mhionathraithe araon sna trí thábla atá san áireamh in Aguisín D leis an ráiteas fianaise sin.
- 4.7.5 Léiríonn an anailís a leagtar amach sna táblaí sin go gcomhlíonann ailíniú bunaidh agus ailíniú mionathraithe an dá bhealaí araon na beartais agus na cuspóirí ábhartha pleanála maidir le bonnagar iompair i bPlean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2017-2023.
- 4.7.6 I gcomhthéacs iomlán thionscadal an N6 GCR, baineann an t-ailíniú bunaidh agus an t-ailíniú mionathraithe amach torthaí den chineál céanna i leith feabhsuithe ar an ngríasán bóithre agus na soláthairtí feabhsaithe do bhusanna, do rothaithe agus do choisithe. An t-aon difear idir an t-ailíniú bunaidh agus an t-ailíniú mionathraithe ná go bhfuil cuid amháin de Bhóthar Ceangail na Páirce Móire ag

Baile an Bhriotaigh suite taobh thoir den ailíniú bunaidh. Nascann an t-ailíniú mionathraithe leis an N6/Bóthar na dTreabh ag Acomhal Pháirc Ghnó Oirthear na Cathrach, thart ar 900m thaobh thoir den nasc ag Acomhal na Mairéasach a aithníodh maidir leis an ailíniú bunaidh.

- 4.7.7 Maidir le criosú talamhúsáide, téann an dá ailíniú trí thailte a bhfuil an criosú céanna acu, is é sin tailte leis an gcriosú 'I' le haghaidh Úsáidí Fiontair, Úsáidí Tionsclaíocha agus Úsáidí Gaolmhara agus cuireann siad araon rochtain chomhchosúil ar fáil ar na páirceanna gnó ag Baile an Bhriotaigh agus ag Oirthear na Cathrach ag Bóthar na dTreabh.
- 4.7.8 Léirítear croíbhéalai beartaithe bus SIG i bhFíor 3.3 de Phlean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2017-2023. Freastalaíonn an t-ailíniú bunaidh agus an t-ailíniú mionathraithe araon ar an bPáirc Mhór/ Bhaile an Bhriotaigh agus nascann siad le gréasán na gcroíbhéalai bus.
- 4.7.9 Léirítear an gréasán beartaithe rothaíochta i bhFíor 3.5 de Phlean na Cathrach. Nascann an dá ailíniú leis an bPríomhghréasán rothaíochta ag Bóthar na dTreabh.
